An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council



# Tuarascáil Bhliantúil 2013/2014

Comhlacht gairmiúil na múinteoireachta



# Tuarascáil Bhliantúil
2013/2014

# Buaicphointí in 2013/2014




Tá an Clár Múinteoirí ar fáil lena iniúchadh ag an bpobal tríd an áis ar líne **'Cuardaigh an Clár'**. Úsáideadh an áis sin níos mó ná **132,000** uair i rith na bliana.

féilte



Rinne an Chomhairle Mhúinteoireachta **LÁ DOMHANDA NA MÚINTEOIRÍ** a cheiliúradh ag FÉILTE, an chéad fhéile in Éirinn ag a dtugtar aitheantas do bharrfheabhas teagaisc

**23**



Rinneadh 23 chlár d'oideachas tosaigh múinteoirí a chreidiúnú

Bhí an Chomhairle ina comh-óstach ar chomhdháil aon lae faoi thaighde oideachais agus an mhúinteoireacht dar teideal **Research Alive!**




Tháinig méadú **6,445** go dtí **87,243** ar líon na múinteoirí ar an gClár Múinteoirí

**6,445** go dtí
**87,243**



Cuireadh tús le feidhm **Alt 30** den **Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001**


Tá **37** gcomhalta dheonacha ar an gComhairle Mhúinteoireachta

- 11 mhúinteoir bunscoile
- 11 mhúinteoir iar-bunscoile
- 2 atá ainmnithe ag coláistí oideachais
- 2 atá ainmnithe ag comhlachtaí tríú leibhéal sonraithe
- 4 atá ainmnithe ag bainistíocht scoile
- 2 atá ainmnithe ag cumainn tuismitheoirí *(duine bunscoile agus duine iar-bhunscoile)*
- 5 atá ainmnithe ag an Aire Oideachais agus Scileanna *(lena n-áirítear ionadaí IBEC agus ionadaí ICTU).*

Thug níos mó ná **320,000** duine **480,000** cuairt ar shuíomh gréasáin na Comhairle

Tháinig méadú beagnach **3,000** ar líon ár leantóirí Twitter

Rinne **76%** de mhúinteoirí a gclárú a athnuachan ar líne




Is mná iad 77% de na múinteoirí cláraithe

Is fir iad 23% de na múinteoirí cláraithe

# Réamhrá



**Micheál Ó Gríofa**
*Cathaoirleach,*
*An Chomhairle*
*Mhúinteoireachta*

Déantar cur síos sa tuarascáil bhliantúil seo ar na gníomhaíochtaí a rinne an Chomhairle Mhúinteoireachta idir an 28 Márta 2013 agus an 27 Márta 2014. Rinneadh a lán dul chun cinn le linn na tréimhse sin ó thaobh gairm na múinteoireachta a chur chun cinn agus a rialáil, ar mhaithe le leas an phobail.

## Alt 30

Chuir an tAire Oideachais agus Scileann mar a bhí, Ruairí Quinn, tús le feidhm Alt 30 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 i mí Eanáir 2014. Táim thar a bheith buíoch den Aire agus dá oifigigh as an tacaíocht uile a thug siad dúinn chun cabhrú linn an gharsprioc thábhachtach sin a bhaint amach.

Táimid ag fanacht ar feadh i bhfad le clárú éigeantach, toisc go gcuireann an beart sin ar chumas múinteoirí a fhógairt, ar deireadh, go bhfuil a ngairm cláraithe go hiomlán. Léiríonn an beart seo go soiléir don phobal, agus do thuismitheoirí ach go háirithe, gur gairm í gairm na múinteoireachta atá bunaithe ar chaighdeáin a bhfuil mar aidhm acu teagasc den chaighdeán is airde a chur ar fáil sa seomra ranga.

## Feidhmiúlacht chun Múineadh

Leanamar ar aghaidh ar feadh na bliana le hullmhúcháin chun Feidhmiúlacht chun Múineadh a thabhairt isteach. Nuair a bheidh éifeacht le Feidhmiúlacht chun Múineadh, beidh sé de chumhacht ag comhlacht reachtúil imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin a dhéantar faoi iompar gairmiúil agus inniúlacht múinteora. Is é an tuiscint atá againn ná go gcuirfidh an tAire Oideachais agus Scileanna tús le feidhm na coda sin den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 sna míonna amach romhainn. Reáchtáladh an chéad chruinniú iomlánach de pháirtithe a bhfuil leas acu i bhFeidhmiúlacht chun Múineadh i mí an Mhárta 2014. Agus an dáta a chuirfear tús le feidhm na coda sin ag druidim linn, déanfaidh an Chomhairle iarracht chun a chinntiú go mbeidh tuiscint ar an bpróiseas ag na páirtithe leasmhara uile, agus ag múinteoirí ach go háirithe.

## FÉILTE

Ba bhuaicphointe den bhliain í FÉILTE, an Fhéile Oideachais um Barrfheabhas Foghlama agus Teagaisc, don Chomhairle agus don ghairm araon. Déanaim comhghairdeas le gach aon duine a ghlac páirt san ócáid, ag ar cuireadh an nuáil iontach atá ag croílár na múinteoireachta in Éirinn ar taispeáint. Táim ag tnúth go mór le bualadh le baill den ghairm agus daoine den phobal ag FÉILTE 2014.


## Comhoibriú

Tuigeann an Chomhairle a thábhachtaí is atá an chomhpháirtíocht i réimse an oideachais. Tá na torthaí a d'eascair as an gcomhoibriú a rinne an Chomhairle le comhpháirtithe oideachais éagsúla feicthe agam ar feadh na bliana. Ní mór gach aon chomhpháirtí a mholadh as a thiomanta is atá siad do bharrfheabhas san oideachas a chur chun cinn.

Gabhaim buíochas le baill eile na Comhairle as an dua agus an dúthracht a chaith siad leis an obair chun cuspóir na Comhairle a bhaint amach, is é sin, an ghairmiúlacht a chur chun cinn agus an mhúinteoireacht a rialáil ar mhaithe le leas an phobail.

Gabhaim buíochas chomh maith le Stiúrthóir, le lucht bainistíochta agus le foireann na Comhairle as oibriú go dian dícheallach chun cabhrú leis an gComhairle a sainordú reachtúil a chomhlíonadh. Ba bhliain spreagúil dhúshlánach don Chomhairle í 2013/2014 agus ní mór comhghairdeas a dhéanamh le gach aon duine as an obair iontach a rinne siad. Mo mhíle buíochas leo go léir.

Ar deireadh, más rud é gur bhreá leat aon aiseolas a thabhairt dúinn faoi obair na Comhairle, ní gá ach ríomhphost a chur chuig communications@teachingcouncil.ie.



**Micheál Ó Gríofa**, *Cathaoirleach*

# Tuairisc ón Stiúrthóir



**Tomás Ó Ruairc**
*Stiúrthóir,*
*An Chomhairle*
*Mhúinteoireachta*

Is cúis mhór áthais dom bheith in ann a thuairisciú go ndearnadh roinnt forbairtí tábhachtacha sa bhliain 2013/2014 i dtaca le rialáil faoi stiúir gairmithe agus i dtaca le hiarrachtaí na Comhairle chun an ghairm a chur chun cinn.

## Alt 30

Ní bheadh tús curtha le feidhm Alt 30 i mí Eanáir 2014 gan obair dhian a bheith déanta ag roinnt eagraíochtaí le blianta fada anuas. Ba bhreá liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, leis na Boird Oideachais agus Oiliúna agus leis na páirtithe leasmhara go léir as an gcur chuige comhpháirtíochta a úsáideadh chun a chinntiú go mbainfí an gharsprioc sin amach. Táim thar a bheith buíoch, ach go háirithe, d'fhoireann na Comhairle as an éacht mór atá déanta acu ó thaobh breis agus 87,000 ball den ghairm a chlárú. Ní mór dom mo bhuíochas a ghabháil chomh maith le baill ghairm na múinteoireachta as comhoibriú linn le linn an phróisis clárúcháin agus as cúirtéis a thaispeáint i leith fhoireann na Comhairle.

## *Droichead*

Cuireadh tús le *Droichead* - scéim phíolótach roghnach na Comhairle le haghaidh samhail nua ionduchtúcháin agus phromhaidh - i rith na bliana. Tá sé d'aidhm ag an gComhairle, leis an gclár píolótach sin, an taithí a fhaigheann múinteoirí nua-cháilithe i scoileanna a chothabháil agus cur léi ar shlí a chuirfidh feabhas ar cháilíocht an teagaisc agus na foghlama do gach aon dalta. Go bunúsach, is é aidhm *Droichead* a chinntiú go gcuirfidh comhghairmithe fáilte roimh MNCanna, ar shlí chórasach, le linn dóibh tosú amach sa ghairm is tábhachtaí sa tsochaí.

## Oideachas Múinteoirí

Rinne an Chomhairle 23 chlár d'oideachas tosaigh múinteoirí a chreidiúnú i rith na bliana. Is é an aidhm atá le hathbhreithniú agus le creidiúnú na gclár sin ná a chinntiú go bhfuil siad oiriúnach dá bhfeidhm, eadhon múinteoirí a ullmhú don teagasc agus don fhoghlaim sa 21ú haois. Is é sin ceann de na gnéithe is tábhachtaí, ó thaobh straitéise de, den obair a dhéanaimid i ndáil le hoideachas múinteoirí. Ba bhreá liom buíochas a ghabháil leis na painéil athbhreithniúcháin as an obair uile a rinne siad i rith na bliana.

## Research Alive!

I mí na Bealtaine, reáchtáil an Chomhairle, CNCM agus an Lárionad do Sheirbhísí Éifeachtacha *Research Alive!*, comhdháil aon lae faoi thaighde oideachais agus an mhúinteoireacht. D'fhreastail múinteoirí, taighdeoirí agus páirtithe leasmhara eile ar an gcomhdháil chun plé a dhéanamh ar ról an taighde san oideachas. Thug múinteoirí le fios go raibh rochtain bhreise ar an taighde agus teagmháil chriticiúil bhreise leis an taighde sin de dhíth orthu.
Mar gheall ar an aiseolas dearfach a fuarthas i ndáil le *Research Alive!*, sheol an Chomhairle tionscadal píolótach i mí Mheán Fómhair chun rochtain shaor in aisce ar phacáiste Education Source EBSCO a thabhairt do mhúinteoirí cláraithe ar feadh bliana.

## FÉILTE

I mí Dheireadh Fómhair 2013, rinne an Chomhairle Lá Domhanda na Múinteoirí a cheiliúradh ag FÉILTE, an chéad fhéile a reáchtáladh in Éirinn chun an mhúinteoireacht a cheiliúradh. Thug FÉILTE deis don Chomhairle aitheantas a thabhairt, ar shlí fheiceálach, don obair nuálach a bhíonn idir lámha ag múinteoirí. Ba mhór agam cruthaitheacht, comhghleacaíocht agus tiomantas na múinteoirí a ghlac páirt in FÉILTE, agus táim ag tnúth go mór le FÉILTE 2014.

Bhain mé an-tairbhe as an bplé a rinne mé le baill na gairme i rith na bliana ag comhdhálacha agus cruinnithe agus ar Twitter. Táim ag súil go mór le leanúint den chomhrá gairmiúil sin sa bhliain atá amach romhainn, le linn don Chomhairle agus don ghairm comhoibriú le chéile chun rialáil faoi stiúir gairmithe a chur chun cinn ar mhaithe le múinteoirí agus ar mhaithe le leas an phobail.

Mar fhocal scoir, ba bhreá liom mo bhuíochas a ghabháil le Cathaoirleach na Comhairle, Micheál Ó Gríofa, agus le comhaltaí na Comhairle, as an tacaíocht a thug siad dom i rith na bliana, agus buíochas ar leith a ghabháil le foireann na Comhairle as an obair dhian dhíograiseach atá déanta acu ar bhonn leanúnach.



Tomás Ó Ruairc, *Stiúrthóir*



Ár bhfís:

# Tús a chur le ré nua ghairmiúlachta sa mhúinteoireacht

# Clár an Ábhair

| | | |
|---|---|---|
| 1 | Eolas faoin gComhairle Mhúinteoireachta | 8 |
| 2 | Cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach | 10 |
| 3 | An Clár Múinteoirí | 12 |
| 4 | Feabhas a chur ar chaighdeáin a bhaineann le hiompar agus cleachtadh gairmiúil | 15 |
| 5 | Oideachas múinteoirí | 16 |
| 6 | Gairm na múinteoireachta a chur chun cinn agus cumarsáid | 18 |
| 7 | Eagraíocht éifeachtúil éifeachtach a fhorbairt agus a chothabháil | 20 |

## Aguisíní

| | | |
|---|---|---|
| 1 | Ráitis Airgeadais | 24 |
| 2 | Comhaltaí den Chomhairle Mhúinteoireachta | 41 |
| 3 | Coistí agus painéil | 43 |
| 4 | Costais chomhaltaí na Comhairle, 2013 | 48 |

## Táblaí

**Tábla 1**
Dul chun cinn atá déanta maidir le cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach 10

**Tábla 2**
Coistí agus painéil 20

# 1 Eolas faoin gComhairle Mhúinteoireachta

**Bunaíodh an Chomhairle Mhúinteoireachta ar bhonn reachtúil i mí an Mhárta 2006. Is iad feidhmeanna reachtúla na Comhairle:**

- gairm na múinteoireachta a chur chun cinn agus a rialáil
- caighdeáin teagaisc, eolais, oilteachta agus inniúlachta a chothabháil agus a fheabhsú
- clár múinteoirí a bhunú agus a chothabháil
- cód iompair ghairmiúil do mhúinteoirí a bhunú, a fhoilsiú, a athbhreithniú agus a chothabháil, a mbeidh caighdeáin teagaisc, eolais, oilteachta agus inniúlachta ar áireamh ann, agus
- forbairt ghairmiúil leanúnach múinteoirí a chur chun cinn

## Fís

Déantar cur síos sa ráiteas físe ar uaillmhian tríd is tríd na Comhairle Múinteoireachta:

**Tús a chur le ré nua ghairmiúlachta sa mhúinteoireacht**

## Ráiteas Misin

Mínítear sa ráiteas misin an cuspóir atá againn, mar aon le heolas fúinn, faoina ndéanaimid agus faoi na daoine a bhfónaimid dóibh.

**Déanann an Chomhairle Mhúinteoireachta an mhúinteoireacht a rialáil agus an ghairmiúlacht a chur chun cinn ar mhaithe le leas an phobail.**

- Scaoilimid múinteoirí isteach sa ghairm trína gclárú.
- Socraímid caighdeáin i ndáil le hoideachas múinteoirí ag gach céim de ghairmréim an mhúinteora.
- Leagaimid síos caighdeáin i ndáil le hinniúlacht ghairmiúil agus iompar gairmiúil.
- Déanaimid imscrúdú ar ghearáin a dhéantar faoi mhúinteoirí cláraithe.

## Comhaltas den Chomhairle Mhúinteoireachta


Tá 37 gcomhalta ar an gComhairle Mhúinteoireachta agus tá san áireamh iontu:

- 11 mhúinteoir bunscoile: naonúr atá tofa agus beirt atá ainmnithe ag ceardchumainn múinteoirí
- 11 mhúinteoir iar-bunscoile: seachtar atá tofa agus ceathrar atá ainmnithe ag ceardchumainn múinteoirí
- beirt atá ainmnithe ag coláistí oideachais
- beirt atá ainmnithe ag comhlachtaí tríú leibhéal sonraithe
- ceathrar atá ainmnithe ag bainistíocht scoile (beirt ag leibhéal na bunscoile agus beirt ag leibhéal na hiar-bhunscoile)
- beirt atá ainmnithe ag cumainn tuismitheoirí (duine amháin ag leibhéal na bunscoile agus duine amháin ag leibhéal na hiar-bhunscoile) agus
- cúigear atá ainmnithe ag an Aire Oideachais agus Scileanna, lena n-áirítear duine amháin chun ionadaíocht a dhéanamh do Chónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC) agus duine amháin chun ionadaíocht a dhéanamh do Chomhdháil na gCeardchumann (ICTU).

Tá mionsonraí iomlána faoi chomhaltaí na Comhairle Múinteoireachta ar fáil in Aguisín 2.

## An fhoireann bainistíochta shinsearach

Tugann feidhmeannacht ar a bhfuil 32 bhall foirne, agus atá faoi stiúir foireann bainistíochta sinsearach, tacaíocht d'obair na Comhairle Múinteoireachta.



# 2 Cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach

**Leagtar amach i bPlean Straitéiseach 2012-2014 de chuid na Comhairle Múinteoireachta sé chuspóir straitéiseacha a bhfuil mar aidhm acu a chinntiú go gcomhlíonfaidh an Chomhairle na freagrachtaí reachtúla atá uirthi faoi na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001-2012.**

Rinne an Chomhairle dul chun cinn suntasach i rith na bliana ó thaobh gach ceann de na sé chuspóir straitéiseacha sin a bhaint amach.

### Tábla 1: Dul chun cinn atá déanta maidir le cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach

| | Cuspóir | Dul chun cinn a rinneadh le linn na bliana tuairiscithe |
|---|---|---|
| 1 | **Na hailt sin den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 nár cuireadh tús leo go fóill a chur chun feidhme láithreach.** | • Cuireadh tús le hAlt 30 den Acht an 28 Eanáir 2014.<br>• Tá obair idir lámha chun go mbeimid réidh do thosach feidhme Chuid 5 den Acht (Feidhmiúlacht chun Múineadh).<br>• Agus an tuarascáil seo á scríobh, tá roinnt leasuithe ar an Acht á n-ullmhú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna. |
| 2 | **Ard-chaighdeáin ghairmiúla a bhunú agus a chur chun cinn ag gach céim de ghairmréim an mhúinteora.** | • Rinneadh trí chlár is fiche d'oideachas tosaigh múinteoirí a chreidiúnú<br>• Cuireadh tús le clár píolótach *Droichead*, samhail nua ionduchtúcháin agus phromhaidh le haghaidh múinteoirí nua-cháilithe, i rith na bliana.<br>• Foilsíodh critéir agus nósanna imeachta na Comhairle le haghaidh promhaidh. |
| 3 | **Ról agus féiniúlacht na Comhairle Múinteoireachta mar chomhlacht rialála agus mar chomhlacht caighdeán gairmiúil ghairm na múinteoireachta a chur chun cinn.** | • Reáchtáladh FÉILTE (an Fhéile Oideachais um Barrfheabhas Foghlama agus Teagaisc) den chéad uair i mí Dheireadh Fómhair 2013.<br>• Cuireadh páipéir a bhain le raon saincheisteanna éagsúla i láthair páirtithe leasmhara.<br>• Eisíodh preasráitis agus foilsíodh ailt.<br>• Rinneadh athbhreithniú ar chodanna den suíomh gréasáin agus leanadh de theagmháil ghníomhach a dhéanamh le daoine ar líne.<br>• Reáchtáladh cruinnithe comhairliúcháin le páirtithe leasmhara.<br>• Eisíodh trí cinn de ríomhirisí, lena n-áirítear eagrán speisialta chun FÉILTE a cheiliúradh. |



| Cuspóir | | Dul chun cinn a rinneadh le linn na bliana tuairiscithe |
|---|---|---|
| 4 | **Treoir a thabhairt d'fhorbairt ghairm na múinteoireachta.** | • Bhí an Chomhairle ina hóstach comhpháirteach ar chomhdháil aon lae faoi thaighde oideachais agus an mhúinteoireacht dar teideal *Research Alive!*<br>• Seoladh tionscadal aon bhliana lena dtugtar rochtain shaor in aisce ar phacáiste Education Source EBSCO do mhúinteoirí cláraithe. Bunaíodh painéal saorálach de mhúinteoirí cláraithe agus de bhaill foirne de chuid institiúidí ardoideachais chun éascaíocht a dhéanamh do mhúinteoirí teagmháil chriticiúil a dhéanamh leis an taighde.<br>• Cuireadh tús leis an obair chun mol taighde ar líne a fhorbairt le haghaidh múinteoirí.<br>• Leanadh den obair ullmhúcháin chun go mbeimid réidh nuair a thabharfar éifeacht d'Fheidhmiúlacht chun Múineadh. |
| 5 | **Díospóireacht náisiúnta a thionscnamh ar an bhféidearthacht an córas oideachais a athchoincheapú chun eispéireas feabhsaithe teagaisc agus foghlama a chur ar fáil inár scoileanna a bheadh cuí don 21ú haois.** | • Pléadh saincheisteanna a bhaineann le feabhas a chur ar an ngairm agus ar theagasc agus foghlaim leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus le páirtithe leasmhara náisiúnta agus idirnáisiúnta.<br>• Rinneadh láithreoireachtaí ag comhdhálacha páirtithe leasmhara.<br>• Cuireadh ailt ar fáil d'fhoilseacháin de chuid páirtithe leasmhara agus do na meáin chumarsáide náisiúnta. |
| 6 | **Cumas na heagraíochta a fhorbairt d'fhonn cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach.** | • Ceadaíodh cúig phost bhreise i rith na bliana. Cuireadh tús le hearcaíocht do na poist sin.<br>• Cuireadh réiteach seirbhísí bainistithe i bhfeidhm chun déileáil le gnáth-thascanna riaracháin, lena n-áirítear an tseirbhís gutháin a chur ar fáil ó 9.00am go 5.00pm arís.<br>• Seoladh córas nua ar líne chun éilimh taistil agus cothabhála a bhaineann le baill foirne agus le comhaltaí na Comhairle a phróiseáil.<br>• Rinneadh Clár Múinteoirí leictreonach a fhorbairt chun feabhas a chur ar rianú measúnuithe ar cháilíochtaí agus ar na freagraí a thugtar orthu. |

# 3 An Clár Múinteoirí

**Is í an Chomhairle Mhúinteoireachta atá freagrach as baill ghairm na múinteoireachta a chlárú. Tá i gceist leis sin an Clár Múinteoirí a bhunú agus a chothabháil; caighdeáin iontrála don Chlár a shocrú; agus iarratais chun bheith curtha leis an gClár a mheasúnú.**



Bhí 80,798 múinteoir ar an gClár an 28 Márta 2013. Faoin 27 Márta 2014, bhí 87,243 múinteoir ar an gClár. Is ionann sin agus méadú glan 6,445 ar an líon múinteoirí a bhí ar an gclár an bhliain roimhe sin. Baineann cuid den mhéadú sin le tosach feidhme Alt 30 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta i mbliana.

**I rith na bliana:**

- cuireadh 3,229 gcéimí nua leis an gClár
- cuireadh 5,285 dhuine nua-chláraithe eile leis an gClár
- baineadh 1,767 múinteoir den Chlár toisc nár íoc siad an táille athnuachana. (cuireadh 166 acu sin leis an gClár arís i rith na bliana)
- baineadh 274 mhúinteoir den Chlár dá ndeoin féin (cuireadh 25 acu sin leis an gClár arís i rith na bliana).

**Maidir leis na daoine nua a cuireadh leis an gClár:**

- is san earnáil bhunoideachais atá 4,273 acu
- is san earnáil iar-bhunoideachais atá 4,850 acu
- is san earnáil iar-bhunoideachais a bhaineann leis na coistí gairmoideachais amháin atá 158 acu
- is san earnáil bhreisoideachais atá 1,973 acu agus
- is san earnáil Montessori agus i gcatagóirí eile atá 121 acu.

Tabhair faoi deara go bhfuil roinnt múinteoirí cláraithe i níos mó ná aon earnáil amháin. Is é sin an chúis leis an difear idir líon na ndaoine nua-chláraithe don ghairm agus líon na ndaoine nua-chláraithe de réir earnála.

**Amhail an 27 Márta 2014:**

- is mná iad 67,017 (77%) de na múinteoirí cláraithe
- is fir iad 20,226 (23%).

## Alt 30

Tar éis do na páirtithe leasmhara oideachais neart ullmhúcháin a dhéanamh, chuir an tAire Oideachais agus Scileanna, Ruairí Quinn, T.D., tús le feidhm Alt 30 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 an 28 Eanáir 2014. De réir Alt 30, ní foláir do mhúinteoirí a bheith cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta chun tuarastal atá íoctha ag an Stát a fháil.

Tá Alt 30 mar bhunghné den obair a dhéanann an Chomhairle chun gairm na múinteoireachta a chur chun cinn agus a rialáil. Den chéad uair riamh, tá clár de mhúinteoirí uile na tíre ar fáil agus tá sé á chothabháil ag comhlacht caighdeán gairmiúil ar a bhfuil an fhreagracht reachtúil as na caighdeáin is airde a chur chun cinn sa mhúinteoireacht. Léiríonn an clár go soiléir don phobal na caighdeáin nach mór a bhaint amach chun bheith i do mhúinteoir, lena n-áirítear riachtanais maidir le cáilíochtaí, fianaise ar charachtar agus Grinnfhiosrú an Gharda.

Cúis eile go bhfuil tosach feidhme Alt 30 tábhachtach ná go bhfágann sé go mbeidh sé níos éasca tús a chur le feidhm iomlán fheidhmeanna eile na Comhairle san Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta nach bhfuil éifeacht leo go fóill, go háirithe feidhmeanna imscrúdúcháin agus araíonachta na Comhairle (Feidhmiúlacht chun Múineadh) agus forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL).

Sular cuireadh tús le feidhm Alt 30, rinne an Chomhairle iarracht shuntasach chun a chinntiú go ndéanfadh gach múinteoir iarratas ar chlárú roimh an spriocdháta. Bhí i gceist leis an bhfeachtas faisnéise litreacha, ríomhphoist, téacsteachtaireachtaí, preasráitis agus cruinnithe le fostóirí agus le ceardchumainn múinteoirí.

## Clárú a athnuachan

Ní foláir do mhúinteoirí cláraithe a gclárú a athnuachan gach bliain chun fanacht ar an gClár Múinteoirí.

Rinne 76% de mhúinteoirí a gclárú a athnuachan ar líne i mbliana (rinne 67% a gclárú a athnuachan ar líne an bhliain roimhe sin).

Is é €65 an táille athnuachana clárúcháin agus is féidir faoiseamh ó cháin ioncaim a éileamh ina leith. Laghdaíodh an táille ó €90 go €65 i mí Eanáir 2013. Tháinig laghdú beagnach €2 mhilliún ar ioncam na Comhairle dá réir sin.

## Grinnfhiosrú an Gharda Síochána

Déanann an Chomhairle grinnfhiosrú múinteoirí a riar ar mhaithe le clárú agus fostaíocht. Thug 11,408 múinteoir an próiseas grinnfhiosrúcháin chun críche i rith na bliana, i gcomparáid le 12,444 mhúinteoir an bhliain roimhe sin.

Rinne Painéal Fianaise ar Charachtar de chuid na Comhairle breithniú ar 339 nochtadh grinnfhiosrúcháin i leith daoine a bhí ag iarraidh clárú mar mhúinteoirí i rith na bliana.

Tá an Chomhairle ag déanamh plé leanúnach leis an Roinn Oideachais agus Scileanna ó thaobh an tAcht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin, 2012 a chur i bhfeidhm i leith múinteoirí.

## Rochtain ar fhaisnéis ar an gClár

Tá daoine den phobal in ann an Clár Múinteoirí a iniúchadh. Is féidir le daoine den phobal, múinteoirí agus na húdaráis phárolla (an Roinn Oideachais agus Scileanna agus na Boird Oideachais agus Oiliúna) rochtain a fháil ar an gClár. Is tríd an áis ar líne 'Cuardaigh an Clár' a fhaigheann an pobal rochtain ar an gClár. Úsáideadh an áis sin níos mó ná 132,000 uair i rith na bliana.





# 4 Feabhas a chur ar chaighdeáin a bhaineann le hiompar agus cleachtadh gairmiúil

**Is í an Chomhairle Mhúinteoireachta atá freagrach as cáilíocht na múinteoireachta in Éirinn a chothabháil agus a fheabhsú trí chaighdeáin arda i ngairm na múinteoireachta a chur chun cinn agus a chinntiú. Baintear an aidhm sin amach trí Chód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí a fhoilsiú agus a chur chun cinn agus trí ghearáin a imscrúdú.**

Leagtar amach sa Chód Iompair Ghairmiúil na caighdeáin a bhaineann le heolas gairmiúil, oilteacht, inniúlacht agus iompar a mbítear ag súil leo ó mhúinteoirí cláraithe. Is doiciméad reachtúil é an Cód agus úsáidfear mar phointe tagartha é nuair a bheidh fiosrúcháin á ndéanamh i ndáil le Feidhmiúlacht chun Múineadh múinteora.

Nuair a thiocfaidh Feidhmiúlacht chun Múineadh (Cuid 5 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001) i ngníomh, beidh údarás dlíthiúil ag an gComhairle gearáin a dhéantar faoi mhúinteoirí cláraithe a imscrúdú.

Nuair a dhéanfar gearán, cuirfidh an Chomhairle tús le himscrúdú agus déanfaidh sí cinneadh faoi cibé acu ar chóir nó nár chóir déileáil leis trí nósanna imeachta araíonachta foirmiúla na Comhairle. Tar éis éisteacht araíonachta, féadfaidh an Chomhairle coinníollacha a chur i bhfeidhm ar chlárú an mhúinteora, nó an múinteoir a chur ar fionraí ón gClár Múinteoirí nó a bhaint den chlár go hiomlán.

Beartaítear tús a chur le feidhm Chuid 5 sna míonna amach romhainn agus is ar a bhonn sin atá ullmhúcháin á ndéanamh dá tosach feidhme. Mar chuid den obair ullmhúcháin a rinneadh i rith na bliana, forbraíodh plean cumarsáide agus amlíne. Tionóladh an chéad chruinniú iomlánach de pháirtithe leasmhara a bhfuil leas acu i bhFeidhmiúlacht chun Múineadh i mí an Mhárta 2014.

I mí Eanáir 2014, d'fhógair an tAire Oideachais agus Scileanna mar a bhí, Ruairí Quinn, TD, go mbeartaítear reachtaíocht a fhoilsiú chun cur leis an raon smachtbhannaí a bheidh ar fáil don Chomhairle Mhúinteoireachta agus í ag déileáil le gearán faoi mhúinteoir. Déanfar roinnt athruithe eile freisin a fhágfaidh go mbeidh an reachtaíocht maidir le Feidhmiúlacht chun Múineadh faoina ngníomhóidh an Chomhairle ar aon dul leis an reachtaíocht a bhfuil feidhm aici maidir le comhlachtaí rialála gairme eile. Nuair a achtófar an reachtaíocht leasaitheach sin, beidh sé de chumhacht ag an gComhairle smachtbhannaí a fhorordú a fhreagróidh do leibhéal measachta na fionnachtana. Áireofar orthu sin: comhairle; rabhadh; cáineadh; coinníollacha; fionraí; agus duine a bhaint den Chlár.

Leagtar amach sa Chód Iompair Ghairmiúil na caighdeáin a bhaineann le heolas gairmiúil, oilteacht, inniúlacht agus iompar a mbítear ag súil leo ó mhúinteoirí cláraithe.

# 5 Oideachas múinteoirí

**Tá an gá caighdeáin arda a chur chun cinn in oideachas múinteoirí ag croílár obair na Comhairle Múinteoireachta. Cuirtear tús le feidhm na Comhairle maidir le hoideachas múinteoirí a luaithe agus a chuireann múinteoir tús le hoideachas tosaigh múinteoirí, agus ní thagann deireadh léi go dtí go scoireann múinteoir den Chlár.**



**I rith na bliana:**

- rinne an Chomhairle ceithre chlár d'oideachas bunscoile, 16 chlár d'oideachas iar-bhunscoile agus trí chlár breisoideachais a chreidiúnú
- cuireadh tús le clár píolótach *Droichead*, clár nua ionduchtúcháin agus promhaidh le haghaidh múinteoirí nua-cháilithe
- d'fhoilsigh an Chomhairle riachtanais leasaithe maidir le hábhair churaclaim iar-bhunscoile
- bhí an Chomhairle ina hóstach ar chomhdháil aon lae faoi thaighde oideachais agus an mhúinteoireacht dar teideal *Research Alive!* agus
- sheol an Chomhairle clár píolótach lenar tugadh rochtain shaor in aisce ar acmhainn taighde ar líne EBSCO do mhúinteoirí cláraithe.

## Athbhreithniú agus creidiúnú

Déanann an Chomhairle cláir d'oideachas tosaigh múinteoirí a athbhreithniú agus a chreidiúnú chun a chinntiú gur leor iad chun mic léinn a ullmhú chun dul isteach i ngairm na múinteoireachta.

Táthar i mbun athbhreithniú ar 60 clár athchoincheapaithe d'oideachas tosaigh múinteoirí faoi láthair.

Rinne an Chomhairle ceithre chlár d'oideachas bunscoile, 16 chlár d'oideachas iar-bhunscoile agus trí chlár breisoideachais a chreidiúnú i rith na bliana. Bhí an Dr Thomas Kellaghan, an tOllamh Sheelagh Drudy, an tOllamh John Coolahan agus an tOllamh Áine Hyland ina gcathaoirligh ar na painéil a rinne athbhreithniú ar na cláir sin. Ina theannta sin, i rith na bliana rinneadh an tOllamh Anthony Finn, Ollscoil Ghlaschú agus iar-Phríomhfheidhmeannach Chomhairle Mhúinteoireachta Ghinearálta na hAlban, a cheapadh ina chathaoirleach ar an bpainéal atá chun athbhreithniú a dhéanamh ar na cúig chlár chomhleanúnacha d'oideachas bunscoile. Bhí an painéal tar éis tús a chur le hathbhreithniú ar dhá cheann de na cláir sin faoi dheireadh na bliana.

## Ionduchtú agus promhadh

I rith na bliana, ghlac an Chomhairle beartas maidir le *Droichead*, samhail nua ionduchtúcháin agus phromhaidh le haghaidh múinteoirí. Tionóladh Coiste Stiúrtha *Droichead* i mí na Bealtaine 2013 chun maoirseacht a dhéanamh ar chlár píolótach chun triail a bhaint as an tsamhail nua. Cuireadh tús leis an gclár píolótach sin i mí Mheán Fómhair 2013.

Is é aidhm *Droichead* feabhas a chur ar an tacaíocht a chuirtear ar fáil do mhúinteoirí nua-cháilithe le linn na chéad bhliana tar éis dóibh dul isteach sa ghairm. Aon mhúinteoir nua-cháilithe a gheobhaidh fostaíocht i scoil phíolótach, déanfar é nó í a chlárú faoi réir an choinníll gur gá dó nó di páirt shásúil a ghlacadh in *Droichead* agus Clár na gCeardlann Ionduchtúcháin a thabhairt chun críche. Déanfar an múinteoir a chlárú go hiomlán nuair a gheobhaidh an Chomhairle fianaise gur éirigh leis nó léi na coinníollacha clárúcháin go léir a chomhlíonadh.

Rinne an Chomhairle critéir a fhoilsiú i rith na bliana, ina ndéantar cur síos ar na riachtanais maidir le clárú a bhíonn le comhlíonadh ag gach múinteoir nua-cháilithe agus ina leagtar amach treoirlínte praiticiúla do scoileanna atá páirteach sa chlár píolótach.

Tá an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta ag bailiú fianaise ó dhaoine atá ag glacadh páirt sa chlár píolótach chun treoir a thabhairt do ghníomhaíocht na Comhairle sa réimse sin. Tá sparánacht taighde curtha ar fáil ag an gComhairle chun tacú le ról scoileanna píolótacha rannpháirteacha sa snáithe taighde.

Reáchtáladh ‘Lá Foghlama Comhroinnte’ i mí Feabhra 2014 chun deis a thabhairt do bhunscoileanna píolótacha an taithí a bhí acu a roinnt agus taifead a dhéanamh den mhéid a bhí foghlamtha.

Bhí 52 scoil páirteach sa chlár píolótach faoi dheireadh na bliana agus bhí an Clár Náisiúnta Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí (CNIM) tar éis oiliúint a chur ar na scoileanna sin go léir.

## Riachtanais ábhair ag leibhéal na hiar-bhunscoile

Ar bhonn comhairliúchán a rinneadh sa bhliain 2012, agus le comhaontú an Aire Oideachais agus Scileanna, rinne an Chomhairle riachtanais leasaithe maidir le hábhair churaclaim iar-bhunscoile a fhoilsiú i mí Mheán Fómhair 2013. Dearadh na riachtanais nua chun treoir níos soiléire a thabhairt do IAOnna, treoraithe gairme agus daoine atá ag smaoineamh dul isteach i ngairm na múinteoireachta ag leibhéal na hiar-bhunscoile. Rinneadh na riachtanais a chuimsiú sna cláir chomhthráthacha d’oideachas tosaigh múinteoirí do mhúinteoirí a bhainfidh céimeanna amach sa bhliain 2017 agus dá héis.

## Taighde

Ó am go chéile, déanann an Chomhairle taighde, agus déanann sí taighde a choimisiúnú, ar ábhair a bhaineann lena ról. Tá sé beartaithe ag an gComhairle scéim nua de sparánachtaí taighde a sheoladh sa bhliain 2015, agus i rith na bliana, rinneadh iarraidh ar thairiscintí chun seirbhísí tacaíochta taighde a sholáthar.

I rith na bliana, rinne an Chomhairle taighde a choimisiúnú ar riachtanais maidir le dul isteach i gcláir d’oideachas tosaigh múinteoirí; ar shocrúcháin scoile; agus ar chlár píolótach *Droichead* le haghaidh ionduchtúcháin agus promhaidh.

I mí na Bealtaine, reáchtáil an Chomhairle Mhúinteoireachta, an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta agus an Lárionad do Sheirbhísí Éifeachtacha *Research Alive!*, comhdháil aon lae faoi thaighde oideachais agus an mhúinteoireacht. D’fhreastail múinteoirí, taighdeoirí agus páirtithe leasmhara eile ar an gcomhdháil chun plé a dhéanamh ar rochtain múinteoirí ar thaighde oideachais. Thug múinteoirí a bhí i láthair ag an ócáid le fios go raibh rochtain níos éasca ar an taighde agus teagmháil chriticiúil bhreise leis de dhíth orthu.

Chun freagairt d’éileamh múinteoirí, sheol an Chomhairle clár píolótach i mí Mheán Fómhair chun rochtain shaor in aisce ar phacáiste Education Source EBSCO - bailiúchán de bhreis agus 1,700 iris, rogha ríomhLeabhar agus acmhainní taighde eile - a thabhairt do mhúinteoirí cláraithe ar feadh bliana. Bhunaigh an Chomhairle painéal saorálach de mhúinteoirí cláraithe agus de bhaill foirne de chuid institiúidí ardoideachais chun éascaíocht a dhéanamh do mhúinteoirí teagmháil chriticiúil a dhéanamh leis an taighde trí ailt agus páipéir iomchuí ar Education Source a aithint.

Rinneadh 33,434 chuardach ar EBSCO ó 4,054 sheoladh IP infhíoraithe idir Meán Fómhair 2013 agus Aibreán 2014. Déanfaidh an Chomhairle athbhreithniú ar an gclár píolótach sa bhliain 2014 chun measúnacht a dhéanamh ar an tionchar a bhí aige ó thaobh teagmháil chriticiúil múinteoirí leis an taighde a fheabhsú agus a chur chun cinn.

Bhí an plé a rinneadh le páirtithe leasmhara le deireanas dírithe ar an bhféidearthacht mol ar líne a bhunú chun go mbeadh sé níos éasca teagmháil chriticiúil a dhéanamh leis an taighde amach anseo. Bhí iarraidh ar thairiscintí chun mol den sórt sin a bhunú agus a mheasrú á críochnú ag deireadh na bliana.



# 6 Gairm na múinteoireachta a chur chun cinn agus cumarsáid

**Déanann an Chomhairle Mhúinteoireachta cumarsáid le páirtithe leasmhara chun na róil atá aici agus na freagrachtaí atá uirthi a mhíniú, chun cur le tuiscint na bpáirtithe leasmhara ar chuspóir a cuid oibre, agus chun spreagadh dóibh tacú lena cuid iarrachtaí gairm na múinteoireachta a rialáil agus a chur chun cinn ar mhaithe le leas an phobail.**



**I rith na bliana:**

- rinne an Chomhairle Lá Domhanda na Múinteoirí a cheiliúradh ag FÉILTE, an chéad fhéile múinteoireachta riamh in Éirinn
- d'eisigh an Chomhairle ceithre ríomhiris a osclaíodh 147,114 uair; mar aon le ríomhphoist faisnéise ar FÉILTE agus ar Alt 30
- thug níos mó ná 320,000 duine níos mó ná 480,000 cuairt ar shuíomh gréasáin na Comhairle
- tháinig méadú beagnach 3,000 ar líon a leantóirí Twitter
- d'fhreastail an Chomhairle ar roinnt comhdhálacha, seimineár agus cruinnithe oideachais
- d'éirigh leis an gComhairle seirbhís gutháin 9.00am go 5.00pm a chur ar fáil arís
- rinne an Chomhairle cur i láthair os comhair na mac léinn sa bhliain dheireanach dá gcuid staidéar in oideachas múinteoirí i ngach ceann de na IAOnna.

## Caidreamh leis na meáin

Mar chuid dá straitéis chun an ghairm a chur chun cinn agus chun tuiscint ar obair na Comhairle a mhéadú, déanann an Chomhairle teagmháil réamhghníomhach leis na meáin chumarsáide agus tugann sí freagra ar cheisteanna ó na meáin. I rith na bliana, eisíodh preasráitis agus foilsíodh ailt a bhain le raon saincheisteanna, lena n-áirítear FÉILTE, Alt 30 agus Feidhmiúlacht chun Múineadh

## FÉILTE

I bhfianaise an rath a bhí ar an léacht tionscnaimh do Lá Domhanda na Múinteoirí sa bhliain 2012, shocraigh an Chomhairle FÉILTE a óstáil san Ospidéal Ríoga, Cill Mhaighneann an 5 Deireadh Fómhair 2013. Thug FÉILTE, an Fhéile Oideachais um Barrfheabhas Foghlama agus Teagaisc, deis don Chomhairle aitheantas a thabhairt, ar shlí fheiceálach, don obair nuálach a bhíonn idir lámha ag múinteoirí. D'fhreastail thart ar 400 duine ar an ócáid agus rinneadh beoshruth de roinnt imeachtaí a chraoladh ar líne i rith an lae.

Bhí taispeántas den obair a bhíonn idir lámha ag múinteoirí atá i bhfeighil ar thionscadail foghlama nuálacha ag croílár na hócáide, agus bhí deis ag an lucht freastail dul i ngleic lena raibh ar taispeáint.

Bhí foireann meán na n-óg i láthair ar an lá chun dearcadh an mhic léinn a thabhairt i leith obair an mhúinteora, agus chun an obair sin a cheiliúradh agus a chur chun cinn. Chuir siad agallamh ar dhaoine a ghlac páirt san ócáid. Bhunaigh an fhoireann taisce blaganna agus agallamh chomh maith, ina ndéantar cur síos ar na gníomhaíochtaí a rinneadh ar an lá agus ar thimpeallacht spreagúil na hócáide.

Is le hóráid ó Fintan O'Toole, iriseoir ón *Irish Times*, dar téama 'Leading Teaching: Empowering the Profession', a cuireadh tús leis an ócáid. Chuir taibhiú ó Chór Náisiúnta na nÓg clabhsúr leis an lá. Thug Michael Mulgrew de chuid Chónaidhm Múinteoirí Mheiriceá aitheasc uaidh san iarnóin faoina fhreagairt phearsanta don lá. Ina dhiaidh sin, reáchtáladh díospóireacht phainéil an-spéisiúil faoi threoir Aoibhinn Ní Shúilleabháin, iarrthóir PhD i gColáiste na Tríonóide, craoltóir agus iar-mhúinteoir. Bhí Aoibhinn ag plé cúrsaí leis na haíonna Tracy Curran, múinteoir cláraithe agus meantóir; David Coleman, síceolaí cliniciúil, craoltóir agus údar; agus an tOll. Jim Lucey, Stiúrthóir Liachta Ospidéal Ollscoile Naomh Pádraig. Bhí an díospóireacht dírithe ar fholláine múinteoirí agus spreag sí neart plé ag an ócáid féin agus ar Twitter.

Eisíodh eagrán speisialta de ríomhiris na Comhairle tar éis na hócáide a osclaíodh 34,096 uair. Is ráta oscailte an-ard é sin do ríomhirisí san earnáil oideachais. Áiríodh ar an tuairisciú a rinneadh sna meáin chumarsáide gné-alt san *Irish Independent* agus agallamh ar bheirt mhúinteoirí rannpháirteacha ar *Today with Seán O'Rourke* ar RTÉ. Thug @FEILTE 93 tvuít uaidh ar an lá agus ba é #FÉILTE an haischlib is mó úsáide ar Twitter in Éirinn an lá sin.

## Páipéir agus foilseacháin

Déanann Stiúrthóir na Comhairle páipéir a chur i láthair go rialta ar shaincheisteanna a bhaineann le hobair na Comhairle mar chuid den straitéis chun gairm na múinteoireachta a chur chun cinn. I rith na bliana, cuireadh páipéir i láthair inar tugadh aird ar ábhair cosúil le ceannaireacht agus iontaoibh, ról an ghairmí maidir le treoir a thabhairt don athrú, agus treochtaí i ngairmiúlacht múinteoirí. Tá na páipéir sin agus páipéir eile ar fáil ar an gcuid de www.teachingcouncil.ie a bhaineann le hOideachas.

D'fhoilsigh an Chomhairle roinnt doiciméad i rith na bliana, lena n-áirítear an Lámhleabhar Clárúcháin do mhúinteoirí nua-cháilithe; Clár Píolótach *Droichead*: Treoir le haghaidh Scoileanna Píolótacha, agus Nós*anna Imeachta le haghaidh Ionduchtúcháin agus Nósanna Imeachta agus Critéir le haghaidh Promhaidh 2013/2014.*

## Múinteoirí faoi oiliúint a chur ar an eolas faoin gComhairle Mhúinteoireachta


Le linn na bliana tuairiscithe, thug an Chomhairle Mhúinteoireachta cuairt ar mhúinteoirí faoi oiliúint a bhí sa bhliain dheireanach dá gcuid staidéar i ngach ceann de na hinstitiúidí ardoideachais. I rith na gcuairteanna sin, mhínigh an Chomhairle an bhaint atá ag obair na Comhairle le gairmréim an mhúinteora agus an próiseas atá i gceist le clárú.

## An Ghaeilge

Déanann an Chomhairle socruithe ar leith chun a seirbhísí a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge, faoi threoir fhorálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003. I rith na bliana, rinne an Chomhairle deimhin de gur thug duine le Gaeilge freagra ar gach píosa cumarsáide a fuarthas sa Ghaeilge, ar ríomhphost, sa phost nó ar an nguthán. Cuireadh foilseacháin uile na Comhairle, mar aon leis na ríomhirisí, ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla araon.

## Saoráil Faisnéise

Tá an Chomhairle faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus an Achta um Shaoráil Faisnéise (Leasú), 2003. Thug an Chomhairle freagra ar dhá iarraidh faoi shaoráil faisnéise i rith na bliana.



# 7 Eagraíocht éifeachtúil éifeachtach a fhorbairt agus a chothabháil

**Déanann an Chomhairle Mhúinteoireachta iarracht eagraíocht éifeachtach éifeachtúil a reáchtáil i ngach gné dá cuid oibríochtaí.**

Rinneadh athbhreithniú ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht oibriú na Comhairle agus struchtúr na gCoistí i rith na bliana. Tá obair ar siúl ar bhonn leanúnach chun na moltaí a rinneadh de dhroim na hoibre sin a chur i gcrích.

### Coistí de chuid na Comhairle

Bíonn roinnt coistí agus painéal ag tacú le hobair na Comhairle. Déantar cur síos ar fheidhmeanna, comhaltas agus taifead tinrimh gach ceann díobh sin in Aguisín 3.

**Tábla 2: Coistí agus painéil**

| Coiste | Líon na gComhaltaí | Líon na gCruinnithe a tionóladh |
|---|---|---|
| An Coiste Feidhmiúcháin | 11 | 6 |
| An Coiste Imscrúdúcháin | 11 | 5 |
| An Coiste Araíonachta | 13 | 5 |
| An Coiste Clárúcháin | 13 | 10 |
| An Coiste Airgeadais | 7 | 7 |
| An Coiste Oideachais | 15 | 6 |
| An Coiste Iniúchóireachta | 5 | 3 |
| An Fochoiste um Nósanna Imeachta | 6 | 6 |
| An Painéal Fianaise ar Charachtar | 7 | 10 |
| An Painéal um Iarratais Bhunleibhéil | 7 | 9 |
| An Painéal um Iarratais Iar-Bhunleibhéil | 6 | 12 |



## Airgeadas

Ba é €4.71 milliún caiteachas na Comhairle do bhliain airgeadais 2013. Ba é €6.19 milliún (tar éis cánach agus le hús san áireamh) ioncam na Comhairle. Tá ráitis airgeadais lán-iniúchta ar fáil in Aguisín 1.

Cuireadh córas nua ar líne ar fáil i rith na bliana chun éilimh taistil agus cothabhála a bhaineann le baill foirne agus le comhaltaí na Comhairle a phróiseáil.

## Acmhainní daonna

Chuir an Chomhairle téarmaí Chomhaontú Bhóthar Haddington i bhfeidhm i rith na bliana.

Ceadaíodh cúig phost bhreise i rith na bliana agus tá tús curtha le hearcaíocht do na poist sin.

Cuireadh réiteach seirbhísí bainistithe nua ar fáil chun déileáil le gnáth-thascanna riaracháin, lena n-áirítear an tseirbhís gutháin a chur ar fáil ó 9.00am go 5.00pm arís.

# féilte 2013

























# Aguisíní


**Aguisín 1**
Ráitis Airgeadais 24

**Aguisín 2**
Comhaltaí den Chomhairle Mhúinteoireachta 41

**Aguisín 3**
Coistí agus painéi 43

**Aguisín 4**
Costais chomhaltaí na Comhairle, 2013 48

# Aguisín 1 Ráitis Airgeadais

## Eolas faoin gComhairle

**Cathaoirleach:**
Micheál Ó Gríofa

**Leas-Chathaoirleach:**
Bernadine O'Sullivan

**Comhaltaí den Chomhairle:**
Michael Barry
Noel Buckley
Kieran Christie
An Dr Marie Clarke
Eimear Cole
John Conlon
Lily Cronin
Derbhile De Paor
Elaine Devlin
An Dr Ken Fennelly
Eileen Flynn
Michael Gillespie (D'éirigh as 14/10/2013)
An tOll. Michael Hayes
Marie Humphries
Declan Kelleher
An Dr Mary Kelly (Ceaptha 26/11/2013)
Áine Lynch
Christopher Maginn
Deirdre Mathews
Brendan McCabe
Fergal McCarthy
Anne McElduff
An Dr Andrew McGrady
An tOll. Marie McLoughlin
Patrick McVicar
Dympna Mulkerrins
Bríd Ní Raghallaigh
Diarmuid Ó Murchú
Kathleen O'Connor
An tOll. Joe O'Hara
Eleanor Petrie
Don Ryan (Ceaptha 26/11/2013)
An Dr Seán Rowland (D'éirigh as 14/10/2013)
Bernie Ruane
Joan Russell
Frank Turpin
Milo Walsh

**Iniúchóirí**
Anne Brady McQuillans DFK
Cuntasóirí Cairte
agus Iniúchóirí Cláraithe
Cúirt Uíbh Eachach
Bóthar Fhearchair
BÁC 2

**Seoladh Gnó**
Block A
Campas Gnó Mhaigh Nuad
Maigh Nuad
Co. Chill Dara

**Baincéirí**
Banc na hÉireann
An Phríomhshráid
Maigh Nuad
Co. Chill Dara

Banc AIB plc
An Phríomhshráid
Maigh Nuad
Co. Chill Dara

**Aturnaetha**
McDowell Purcell Partnership
Aturnaetha
Foirgneamh Chéipil
Mainistir Mhuire, BÁC 7

Arthur Cox
Aturnaetha
Ionad Phort an Iarla
Ardán an Iarla, BÁC 2

# Clár an Ábhair


| | |
|---|---|
| Tuairisc na Comhairle | 26 |
| Ráiteas ar fhreagrachtaí na Comhairle | 28 |
| Ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais | 29 |
| Tuairisc na n-iniúchóirí neamhspleácha | 30 |
| Cuntas ioncaim agus caiteachais | 32 |
| Clár comhardaithe | 33 |
| Ráiteas ar shreabhadh airgid thirim | 34 |
| Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais | 35 |

# Tuairisc na Comhairle

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2013

Cuireann an Chomhairle a tuairisc i láthair, mar aon leis na ráitis airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2013. Bunaíodh An Chomhairle Mhúinteoireachta (The Teaching Council) ar bhonn reachtúil ar an 28 Márta 2006 de réir an Achta um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001.

## Príomhghníomhaíocht agus athbhreithniú ar an ngnó

Is é príomhghníomhaíocht na Comhairle Múinteoireachta gairm na múinteoireachta a chur chun cinn ag leibhéal na bunscoile agus na hiar-bhunscoile, forbairt ghairmiúil múinteoirí a chur chun cinn, agus caighdeáin i ngairm na múinteoireachta a rialú.

Níor tháinig aon athrú suntasach ar na gníomhaíochtaí sin i rith na bliana dar chríoch 31 Nollaig 2013.

### Príomhrioscaí agus neamhchinnteachtaí

Rinne an Chomhairle na rioscaí seo a leanas a mheas agus tá na bearta seo a leanas curtha i gcrích aici chun na rioscaí seo a bhainistiú i gcás na Comhairle Múinteoireachta:

### Acmhainní foirne

Beidh feidhmeanna breise le comhlíonadh ag an gComhairle ach tá acmhainní teoranta foirne aici. Fuarthas cead cúig phost bhreise a chruthú.  Ina theannta sin, d'aistrigh an Chomhairle an fhreagracht as cuid den ghnáthobair riaracháin chuig socrú seirbhísí bainistithe a chuirtear ar fáil go hinmheánach.

### Eilimintí den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 nach bhfuil tús curtha lena bhfeidhm

Ní raibh tús curtha le feidhm roinnt eilimintí de chuid an Achta um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 faoin mbliain 2013, rud a chuir srian le raon feidhme na Comhairle. Ní raibh tús curtha le feidhm alt 30 (Clárú Éigeantach), Cuid 5 (Feidhmiúlacht chun Múineadh), ná alt 39 (Forbairt Ghairmiúil Leanúnach) ach go háirithe.  Cuireadh tús le feidhm alt 30 i mí Eanáir 2014 agus tá sé tugtha le fios ag an Aire Oideachais agus Scileanna go gcuirfidh sé tús le feidhm Chuid 5 in 2014.

## Torthaí

Is é barrachas na bliana tar éis dímheas agus cánachas a chur san áireamh €1,477,743 (2012: €3,308,655). Rinneadh an táille athnuachana clárúcháin bhliantúil a laghdú ón 1 Eanáir 2013 ar aghaidh agus tháinig laghdú ar ioncam dá réir sin. Nuair a chuirfear tús le feidhmeanna breise na Comhairle Múinteoireachta (dá dtagraítear san alt roimhe seo) tiocfaidh méadú suntasach ar chaiteachas bliantúil na Comhairle.

## Forbairtí sa todhchaí

Tá sé beartaithe ag an gComhairle leanúint ar aghaidh lena cuid gníomhaíochtaí reatha. Cuireadh tús le feidhm alt 30 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 (clárú éigeantach) i mí Eanáir 2014 agus tá tugtha le fios ag an Aire Oideachais agus Scileanna go bhfuil sé beartaithe aige tús a chur le feidhm Chuid 5 den Acht (Feidhmiúlacht chun Múineadh) in 2014.

## Leabhair chuntais

De réir alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, tá sé de fhreagracht ar an gComhairle leabhair chuí chuntais a choimeád a chuirfidh i bhfios go réasúnta cruinn, tráth ar bith, cad í staid airgeadais na heagraíochta. Tá an Chomhairle freagrach freisin as sócmhainní na heagraíochta a chosaint agus as bearta cuí a chur i bhfeidhm chun calaois nó mírialtachtaí eile a bhrath agus a sheachaint dá réir sin. Déantar leabhair chuntais na Comhairle Múinteoireachta a chothabháil ag Campas Gnó Mhaigh Nuad, Maigh Nuad, Co Chill Dara.


## Iniúchóirí

Tá sé curtha in iúl ag na hIniúchóirí, Anne Brady McQuillans DFK, go bhfuil siad sásta leanúint in oifig.

## Imeachtaí i ndiaidh dháta an chláir chomhardaithe

Ní raibh aon imthosca ann ná níor tharla aon imeachtaí i ndiaidh dheireadh na bliana a fhágann gur gá na ráitis airgeadais nó na nótaí a ghabhann leo a choigeartú, nó ar gá iad a nochtadh sna ráitis nó sna nótaí sin.

Thar ceann na Comhairle



**Micheál Ó Gríofa**
Cathaoirleach



**Tomás Ó Ruairc**
Stiúrthóir

**12ú Bealtaine 2014**

# Ráiteas ar fhreagrachtaí na Comhairle i leith na ráiteas airgeadais

Is ar an gComhairle atá an fhreagracht as an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dhlí infheidhme na hÉireann, lena n-áirítear Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, agus de réir an Chleachtais Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Coitianta leis in Éirinn (na caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais).

De réir dhlí na hÉireann, lena n-áirítear Alt 18(2) den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, ní mór don Chomhairle ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais ina ndéantar cur síos fíor cothrom ar staid ghnóthaí na heagraíochta don tréimhse sin.

Tá sé de dhualgas ar an gComhairle agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú aici:

- beartais chuí chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta
- breithiúnais agus meastacháin réasúnta, stuama a dhéanamh
- na cuntais airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin dá mbeadh sé míchuí a thoimhdiú go leanfadh an eagraíocht leis an ngnó.

Dearbhaíonn an Chomhairle gur chloígh sí leis na riachtanais thuasluaite agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú aici.

Tá sé de fhreagracht ar an gComhairle leabhair chuí chuntais a choimeád a chuirfidh i bhfios go réasúnta cruinn, tráth ar bith, cad í staid airgeadais na heagraíochta agus a chuirfidh ar a cumas a dheimhniú go ndéantar na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an chleachtais cuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leis in Éirinn agus de réir Dhlí na hÉireann lena n-áirítear Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001.

Tá an Chomhairle freagrach as sócmhainní na heagraíochta a chosaint agus as bearta cuí a chur i bhfeidhm chun calaois nó mírialtachtaí eile a bhrath agus a sheachaint dá réir sin.

Tá an Chomhairle freagrach as an suíomh gréasáin a chothabháil agus a choinneáil slán. Féadfaidh reachtaíocht Phoblacht na hÉireann i ndáil le ráitis airgeadais a ullmhú agus a scaipeadh a bheith éagsúil ón reachtaíocht i ndlínsí eile.

Thar ceann na Comhairle,



**Micheál Ó Gríofa**
Cathaoirleach



**Tomás Ó Ruairc**
Stiúrthóir

**12ú Bealtaine 2014**

# Ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

1. Thar ceann na Comhairle Múinteoireachta, aithním an fhreagracht atá orainn as a dheimhniú go ndéantar córas éifeachtúil de rialú inmheánach airgeadais a chothabháil agus a chur i bhfeidhm.

2. Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnach, seachas deimhniú iomlán, a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go bhfuil idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh go cuí, agus go bhfuil cosc á chur ar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha nó go dtiocfaí orthu in am trátha.

3. Chuir an Chomhairle na nósanna imeachta seo a leanas i bhfeidhm atá deartha chun a chinntiú go ndéanfar rialú in

   a) déantar cinnte go gcothaítear timpeallacht rialaithe chuí trí chúraimí bainistíochta a shainiú go soiléir, mar aon le nósanna imeachta chun teipeanna rialaithe a aithint agus chun freagairt dóibh.

   b) tá próiseas foirmiúil i bhfeidhm chun rioscaí gnó eagraíochtúla a aithint agus a mheas.

   c) úsáidtear córas cuimsitheach pleanála agus buiséadaithe agus déantar athbhreithniú míosúil ar threochtaí caiteachais.


   d) tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar impleachtaí airgeadais mór-rioscaí gnó, lena n-áirítear treoracha airgeadais agus nótaí faoi nósanna imeachta, cleachtais tarmligin cosúil le huasteorainneacha údarúcháin arna gceadú ag an gComhairle agus dualgais a bhaineann le híocaíochtaí a phróiseáil a choinneáil deighilte ó dhualgais a bhaineann le híocaíochtaí a fhaomhadh.

   e) tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an rialaithe inmheánaigh airgeadais, lena n-áirítear feidhm iniúchta inmheánaigh a fheidhmíonn de réir an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit agus a thuairiscíonn don Choiste Iniúchóireachta.

4. Tugann obair fhoireann bainistíochta na Comhairle Múinteoireachta, ar a bhfuil an fhreagracht as an gcóras bainistíochta airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil, obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus an Choiste Iniúchóireachta agus na tuairimí a chuireann na hiniúchóirí seachtracha in iúl sa litir bhainistíochta agus sna tuairiscí uathu treoir don fhaireachán agus don athbhreithniú a dhéanann an Chomhairle ar an gcóras de rialú inmheánach airgeadais.

5. Rinneadh athbhreithniú foirmiúil ar na rialuithe inmheánacha airgeadais sa bhliain 2013.

Thar ceann na Comhairle,



**Micheál Ó Gríofa**
Cathaoirleach

**12ú Bealtaine 2014**

# Tuairisc na n-iniúchóirí neamhspleácha

do chomhaltaí na Comhairle Múinteoireachta

Rinneamar iniúchadh ar ráitis airgeadais na Comhairle Múinteoireachta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2013, arb ionann iad agus an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid Thirim agus na nótaí a ghabhann leo. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo de réir choinbhinsiún an chostais stairiúil agus de réir na mbeartas cuntasaíochta lena mbaineann.

Cuirtear an tuairisc seo faoi bhráid chomhaltaí na Comhairle, mar chomhlacht, de réir Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001. Gabhadh don obair iniúchóireachta le gur féidir na nithe is gá a lua do na comhaltaí a lua leo i dtuairisc an iniúchóra agus ní ar mhaithe le haon ní eile. A mhéid is mó a cheadaítear le dlí, ní ghlacaimid ná ní ghéillimid freagracht i leith aon duine seachas an eagraíocht agus comhaltaí na Comhairle mar chomhlacht, as an obair iniúchóireachta, as an tuairisc seo nó as an tuairim a thugaimid.

## Freagrachtaí ar leith na Comhairle agus na n-iniúchóirí

Déantar freagrachtaí na Comhairle maidir le tuairisc agus ráitis airgeadais na Comhairle a ullmhú de réir dhlí infheidhme na hÉireann, lena n-áirítear Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, agus de réir na gcaighdeán cuntasaíochta arna n-eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais (an Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Coitianta leis in Éirinn) a leagan amach sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Comhairle.

Is é an dualgas atá orainn na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir na gceanglas ábhartha dlíthiúil agus rialála agus de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (an RA agus Éire). De réir na gcaighdeán sin, ní foláir dúinn na Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúchóirí de chuid an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta a chomhlíonadh.

Tuairiscímid daoibh ár dtuairim faoi cibé acu a dhéantar nó nach ndéantar cur síos fíor cothrom ar staid na heagraíochta sna ráitis airgeadais, de réir an Chleachtais Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Coitianta leis in Éirinn, agus cibé acu a ullmhaíodh nó nár ullmhaíodh iad go cuí de réir Dhlí na hÉireann, lena n-áirítear Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001. Tuairiscímid freisin an tuairim atá againn faoi na nithe seo a leanas: ar choimeád an eagraíocht leabhair chuí chuntais; an bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dTuairisc na Comhairle ar aon dul leis na ráitis airgeadais. Luaimid chomh maith cibé acu an bhfuaireamar nó nach bhfuaireamar an fhaisnéis agus na mínithe uile a raibh gá leo chun críche an iniúchta, agus cibé acu an dtagann nó nach dtagann ráitis airgeadais na heagraíochta leis na leabhair chuntais.

Déanaimid athbhreithniú chun a fháil amach an léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais go gcomhlíonann an Chomhairle an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit agus tuairiscímid aon chás ábhartha nuair nach dtarlaíonn a leithéid, nó má tá an ráiteas míthreorach nó mura bhfuil sé ar aon dul le faisnéis eile atá ar eolas againn ón iniúchadh ar na ráitis airgeadais. Ní gá dúinn a bhreithniú an gclúdaíonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach na rioscaí agus na rialuithe airgeadais uile, ná tuairim a thabhairt i dtaobh éifeachtacht na nósanna imeachta riosca agus rialúcháin.

Léimid tuairisc na Comhairle agus déanaimid na himpleachtaí dár dtuairisc a bhreithniú má thugaimid aon mhíráiteas dealraitheach faoi deara inti.

## Bunús na tuairime iniúchóireachta

Rinneamar an t-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (an RA agus Éire) a d'eisigh an Bord um Chleachtais Iniúchóireachta. Tá san áireamh san iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann leis na suimeanna agus an fhaisnéis a nochtar sna ráitis airgeadais. Áirítear air freisin measúnú ar mheastacháin agus breithiúnais shuntasacha a rinne an Chomhairle agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú aici agus an oireann nó nach n-oireann na beartais chuntasaíochta do chúinsí na heagraíochta, an gcuirtear nó nach gcuirtear i bhfeidhm go leanúnach iad agus an ndéantar nó nach ndéantar iad a nochtadh mar is cuí.

Phleanálamar agus rinneamar ár n-iniúchadh chun go bhfaighimis gach píosa faisnéise agus gach míniú a mheasamar a raibh gá leis chun fianaise dhóthanach a chur ar fáil dúinn d'fhonn dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh sin de bharr calaoise nó neamhrialtachta nó earráid eile. Agus muid ag teacht ar thuairim, rinneamar measúnú freisin ar dhóthanacht na slí inar cuireadh an fhaisnéis i láthair sna ráitis airgeadais tríd is tríd.

## An tuairim

Is é an tuairim atá againn i leith na ráiteas airgeadais:

- go dtugtar léargas fíor cothrom iontu, de réir an Chleachtais Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Coitianta leis in Éirinn, ar staid ghnóthaí na Comhairle amhail an 31 Nollaig, 2013 agus ar a cuid torthaí don bhliain dar chríoch an lá sin, agus

- gur ullmhaíodh mar is cuí iad de réir cheanglais Dhlí na hÉireann, lena n-áirítear Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001.

Fuaireamar gach píosa faisnéise agus gach míniú a mheasamar a raibh gá leis chun críche an iniúchta. Is é an tuairim atá againn gur choimeád an eagraíocht leabhair chuntais chuí. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Is é an tuairim atá againn go dtagann an fhaisnéis a thugtar i dtuairisc na Comhairle leis na ráitis airgeadais.

**Natalie Kelly**
Iniúchóir Reachtúil

*le haghaidh agus thar ceann*
**Anne Brady**
**McQuillans DFK**
**Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe**
**Cúirt Uíbh Eachach**
**Bóthar Fhearchair**
**BÁC 2**

**12ú Bealtaine 2014**

# Cuntas ioncaim agus caiteachais


don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2013

| | Nótaí | 2013 € | 2012 € |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Táillí clárúcháin agus measúnaithe | | 5,930,856 | 171,039 |
| Táillí creidiúnaithe | | 24,000 | 922 |
| Ioncam eile | | 477 | 12 |
| **Ioncam Iomlán** | 2 | 5,955,333 | 171,973 |
| **Caiteachas** | | | |
| Costais chóiríochta | | (282,262) | (288,967) |
| Costais foirne | | (2,510,785) | (2,162,318) |
| Costais eile riaracháin | | (872,940) | (1,088,331) |
| Costais chúrsaí, chomhdhálacha agus chruinnithe | | (180,765) | (205,213) |
| Costais chlárúcháin agus fíorúcháin | | (137,175) | (195,079) |
| Costais teicneolaíochta faisnéise | | (126,074) | (119,821) |
| Costais chumarsáide agus oideachais | | (446,426) | (372,203) |
| Brabús ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe | | - | 175 |
| Dímheas | 7 | (157,898) | (141,932) |
| **Caiteachas Iomlán** | | (4,714,325) | (4,573,689) |
| Ús infhaighte agus ioncam dá shamhail | | 390,217 | 495,563 |
| **Barrachas ar ghnáth-ghníomhaíochtaí roimh chánachas** | 3 | 1,631,225 | 3,457,418 |
| Cánachas | 6 | (153,482) | (148,763) |
| **Barrachas ar ghnáth-ghníomhaíochtaí i ndiaidh cánachais** | | 1,477,743 | 3,308,655 |

Níl aon bharrachas ná easnamh aitheanta seachas an toradh do na tréimhsí airgeadais thuasluaite. D'eascair toradh na bliana go hiomlán as gnóthaí leantacha.

Is dlúthchuid de na ráitis airgeadais seo na nótaí ar leathanaigh 35 go 40.

D'fhaomh an Chomhairle na ráitis airgeadais an 12 Bealtaine 2014 agus síníodh iad thar a ceann ag:



**Micheál Ó Gríofa**
Cathaoirleach



**Tomás Ó Ruairc**
Stiúrthóir

**12ú Bealtaine 2014**

# Clár comhardaithe

amhail an 31 Nollaig, 2013

| | Nótaí | 2013 € | 2013 € | 2012 € | 2012 € |
|---|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní seasta** | | | | | |
| Sócmhainní inláimhsithe | 7 | | 403,146 | | 426,557 |
| Infheistíochtaí | 8 | | 10,594 | | 10,594 |
| | | | 413,740 | | 437,151 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | | |
| Féichiúnaithe | 9 | 29,217 | | 69,198 | |
| Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh | | 15,934,926 | | 14,451,964 | |
| | | 15,964,143 | | 14,521,162 | |
| **Creidiúnaithe: Méideanna atá dlite laistigh de bhliain** | 10 | (131,277) | | (189,450) | |
| **Glansócmhainní Reatha** | | | 15,832,866 | | 14,331,712 |
| **Iomlán na Sócmhainní Lúide Dliteanais Reatha** | | | 16,246,606 | | 14,768,863 |
| **Cúlchistí** | | | | | |
| Cúlchiste ainmnithe | 11 | | 4,000,000 | | 4,000,000 |
| Cúlchistí ginearálta | 11 | | 12,246,606 | | 10,768,863 |
| **Iomlán na gCistí** | | | 16,246,606 | | 14,768,863 |

Is dlúthchuid de na ráitis airgeadais seo na nótaí ar leathanaigh 35 go 40.

D'fhaomh an Chomhairle na ráitis airgeadais an 12 Bealtaine 2014 agus síníodh iad thar a ceann ag:

**Micheál Ó Gríofa**
Cathaoirleach

**Tomás Ó Ruairc**
Stiúrthóir


**12ú Bealtaine 2014**

# Ráiteas ar shreabhadh airgid thirim

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2013

| | Nótaí | 2013<br>€'000 | 2012<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **Barrachas oibriúcháin a réiteach le glan-insreabhadh airgid thirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Barrachas oibriúcháin (roimh ús faighte) | | 1,241,007 | 2,961,855 |
| Dímheas | | 157,898 | 141,932 |
| Brabús ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe | | - | (175) |
| Laghdú ar fhéichiúnaithe | | 39,981 | 138,271 |
| (Laghdú) / Méadú ar chreidiúnaithe | | (58,173) | 101,658 |
| **Glansreabhadh airgid thirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | 1,380,713 | 3,343,541 |
| **Ráiteas ar shreabhadh airgid thirim** | | | |
| Glansreabhadh airgid thirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | | 1,380,713 | 3,343,541 |
| Torthaí ar infheistíochtaí agus fónamh ar airgeadas | 13 | 390,217 | 495,563 |
| Cánachas | 13 | (153,482) | (148,763) |
| Caiteachas caipitiúil agus infheistíocht airgeadais | 13 | (134,486) | (187,346) |
| **Méadú ar airgead tirim sa bhliain** | | 1,482,962 | 3,502,996 |
| **Glansreabhadh airgid thirim a réiteach le gluaiseachtaí i nglanchistí** 14 | | | |
| Méadú ar airgead tirim sa bhliain | | 1,482,962 | 3,502,996 |
| Glanchistí amhail an 1 Eanáir, 2013 | | 14,451,964 | 10,948,968 |
| **Glanchistí amhail an 31 Nollaig, 2013** | | 15,934,926 | 14,451,964 |

D'fhaomh an Chomhairle na ráitis airgeadais an 12 Bealtaine 2014 agus síníodh iad thar a ceann ag:



**Micheál Ó Gríofa**
Cathaoirleach



**Tomás Ó Ruairc**
Stiúrthóir

**12ú Bealtaine 2014**

# Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2013

## 1. Beartais chuntasaíochta

### 1.1. Coinbhinsiún cuntasaíochta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh agus de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leo in Éirinn agus reacht na hÉireann. Is iad na caighdeáin chuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leo in Éirinn agus ráitis airgeadais á n-ullmhú ina dtugtar léargas fíor cothrom, na caighdeáin arna bhfoilsiú ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais.

### 1.2. Ioncam

Is ionann ioncam agus táillí clárúcháin agus measúnaithe a fhaightear i rith na bliana. Tugtar cuntas ar an ioncam/na táillí uile is infhaighte ar bhonn fáltas.

### 1.3. Sócmhainní seasta inláimhsithe agus dímheas

Luaitear na sócmhainní seasta inláimhsithe de réir a gcostas stairiúil lúide dímheas carntha.

Déantar gach sócmhainn sheasta inláimhsithe a dhímheas ar rátaí arna ríomh chun costas nó luacháil gach sócmhainne, lúide an luach iarmharach measta, a dhíscríobh go córasach ar feadh a saolré fónta ionchais, mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| Daingneáin agus feistis | - | 10% de réir méid cothrom |
| Bogearraí ríomhaire | - | 20% de réir méid cothrom |
| Trealamh ríomhaire | - | 33.33% de réir méid cothrom |

Déantar luachanna anonn na sócmhainní seasta inláimhsithe a athbhreithniú gach bliain le haghaidh laghdú i dtréimhsí más rud é go dtugann imeachtaí nó athruithe ar chúinsí le fios go bhfuil seans ann nach mbeidh an luach anonn in-aisghabhála.

### 1.4. Infheistíochtaí

Déantar infheistíochtaí sócmhainní seasta a lua mar chostas lúide foráil do laghduithe ar luach. Aithnítear ioncam ó infheistíochtaí sócmhainne seasta airgeadais, agus aon cháin shiarchoinneálach lena mbaineann, sa chuntas ioncaim agus caiteachais don bhliain ina ngnóthaítear é.

### 1.5. Pinsin

Déanann an Chomhairle scéim phinsin le sochar sainithe a fheidhmiú dá cuid fostaithe. Tá an scéim bunaithe ar Shamhail na Seirbhíse Poiblí agus d'fhaomh an tAire Oideachais agus Scileanna agus an tAire Airgeadais í. Déantar sochair phinsin is iníoctha faoin scéim a mhaoiniú as an Státchiste.

Ina theannta sin, tá roinnt saintréithe faoi leith ag socruithe na Comhairle:

- íocann an Chomhairle ranníocaíocht chomhaontaithe leis an Roinn Oideachais agus Scileanna
- tá eilimint fostaí san áireamh sa ranníocaíocht sin i dteannta na heiliminte fostóra. De réir bheartas an rialtais faoi phinsin san earnáil phoiblí, is ionann ranníocaíocht an fhostóra agus 25% de phá comhlán fostaithe a íocann ÁSPC ag ráta A agus 30% de phá comhlán fostaithe a íocann ÁSPC ag ráta D, agus
- thug an Roinn Oideachais agus Scileanna, le comhaontú na Roinne Airgeadais, gealltanas follasach go n-íocfar costas na sochar as an Státchiste de réir mar a bheidh siad dlite.

Measann an Chomhairle go bhfuil an tionchar airgeadais céanna ag na socruithe pinsin thuas ó thaobh na Comhairle de agus a bheadh ag scéim phinsin le ranníocaíocht shainithe. Tá an Chomhairle den tuairim nach bhfuil forálacha FRS 17, Cuntasaíocht do Shochair Scoir, a bhíonn i gceist i gcás scéimeanna le sochair shainithe, feiliúnach dá cuid cúinsí. Dá réir sin, déantar a ranníocaíocht a chuntas amhail is dá mba scéim le ranníocaíocht shainithe í.

# Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013

**1.6. Cánachas**

Bunaítear an costas bliantúil cánachais ar ioncam éighníomhach na bliana agus ríomhtar é faoi threoir an ráta cánach atá i bhfeidhm dáta an chláir chomhardaithe.

**1.7. Cúlchistí Ainmnithe**

Chinn an Chomhairle go bhféadfaidh sí, de réir mar is rogha léi féin, suimeanna airgid gan teorainn a chur ar leataobh i gcomhair cúiseanna ainmnithe sa todhchaí. I gcás nach mbeidh gá a thuilleadh leis na cistí seo cuirfear ar ais sa Chúlchiste Ginearálta iad.

## 2. Ioncam

D'eascair ioncam na heagraíochta don bhliain as a príomhghníomhaíocht ar tugadh fúithi go hiomlán in Éirinn.

## 3. Barrachas Oibriúcháin

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Luaitear barrachas oibriúcháin i ndiaidh na nithe seo a leanas a mhuirearú: | | |
| Dímheas | 157,898 | 141,932 |
| Brabús ar dhiúscairt sócmhainní seasta inláimhsithe | - | (175) |

## 4. Fostaithe

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | Líon | Líon |
| **An Líon Fostaithe** | | |
| Ba é meánlíon míosúil na bhfostaithe i rith na bliana: | | |
| Fostaithe | 30 | 30 |
| Foireann gníomhaireachta | 12 | 11 |
| | 42 | 41 |

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Costais Fostaíochta** | | |
| Pá agus tuarastail | 1,519,236 | 1,347,130 |
| Costais leasa shóisialaigh | 93,051 | 89,674 |
| Costais ghníomhaireachta | 451,284 | 403,266 |
| Costais seirbhísí bainistithe | 122,846 | - |
| Costais eile foirne | 2,025 | 18,242 |
| Costais phinsean | 282,934 | 270,375 |
| Costais oiliúna foirne | 39,409 | 33,631 |
| | 2,510,785 | 2,162,318 |

# Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2013

## 5. Costais Phinsean

Is ionann an costas pinsean agus na ranníocaíochtaí is iníoctha leis an gciste pinsin ag an gComhairle.

## 6. Cánachas

| | 2013 € | 2012 € |
|---|---|---|
| **Cánachas na bliana reatha** | | |
| Cáin Ioncaim | 153,482 | 148,763 |

Déantar Sceideal 4 a ghabhann leis an Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 a leasú in Alt 37 den Acht Airgeadais (Uimh. 2), 2013 d'fhonn an Chomhairle Mhúinteoireachta a áireamh sa liosta de chomhlachtaí sonraithe neamhthráchtála atá urraithe ag an Stát agus a cháilíonn do dhíolúine ó fhorálacha áirithe cánach faoi Alt 227 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997. De réir an ailt sin, tá ioncam áirithe a eascraíonn agus ab inmhuirir i leith cáin faoi Chás III, IV, agus V de Sceideal D mura mbeadh an t-alt sin ann, faoi dhíolúine ó cháin ioncaim. Bíonn ús taisce faoi réir cáin choinneála ar ús taisce (DIRT) i gcónaí.

## 7. Sócmhainní Seasta

| | Daingneáin agus feistis € | Bogearraí ríomhaire € | Trealamh ríomhaire € | Iomlán € |
|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2013 | 234,877 | 421,358 | 371,235 | 1,027,472 |
| Breiseanna | 9,618 | 57,790 | 67,078 | 134,486 |
| Diúscairtí | - | - | - | - |
| Amhail an 31 Nollaig 2013 | 244,495 | 479,148 | 438,315 | 1,161,958 |
| **Dímheas** | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2013 | 97,287 | 266,487 | 237,140 | 600,912 |
| Ar dhiúscairtí | - | - | - | - |
| Muirear don bhliain | 24,130 | 66,478 | 67,290 | 157,898 |
| Amhail an 31 Nollaig 2013 | 121,417 | 332,965 | 304,430 | 758,810 |
| **Glanluachanna leabhar** | | | | |
| Amhail an 31 Nollaig 2013 | 123,078 | 146,183 | 133,885 | 403,146 |
| Amhail an 31 Nollaig 2012 | 137,590 | 154,871 | 134,095 | 426,557 |

# Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2013

## 8. Infheistíochtaí

| | Infheistíochtaí Liostaithe € | Iomlán € |
|---|---|---|
| **Costas** | | |
| Amhail an 1 Eanáir, 2013 | 10,594 | 10,594 |
| Fuascailt i rith na blian | - | - |
| Amhail an 31 Nollaig, 2013 | 10,594 | 10,594 |
| **Glanluachanna leabhar** | | |
| Amhail an 31 Nollaig 2013 | 10,594 | 10,594 |
| Amhail an 31 Nollaig 2012 | 10,594 | 10,594 |

Is ionann na hinfheistíochtaí agus stoc agus bannaí éagsúla Rialtais, a bhfuil luach margaidh níos airde orthu ná mar a léirítear thuas.

## 9. Féichiúnaithe

| | 2013 € | 2012 € |
|---|---|---|
| Féichiúnaithe eile | 29,217 | 69,198 |

## 10. Creidiúnaithe: Méideanna atá dlite laistigh de bhliain

| | 2013 € | 2012 € |
|---|---|---|
| Cánacha eile agus costais slándála sóisialaí | 50,076 | 35,083 |
| Fabhruithe | 81,201 | 154,367 |
| | 131,277 | 189,450 |

San áireamh sna cánacha eile agus sna costais slándála sóisialaí:

| | 2013 € | 2012 € |
|---|---|---|
| Cáin Ioncaim | - | 96 |
| ÍMAT/ÁSPC | 33,825 | 24,976 |
| PSWT | 16,251 | 10,011 |
| | 50,076 | 35,083 |

# Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2013

## 11. Cúlchiste

| | Cúlchiste ginearálta € | Cúlchiste ainmnithe € | Iomlán € |
|---|---|---|---|
| **Cúlchistí tosaigh** | 10,768,863 | 4,000,000 | 14,768,863 |
| Barrachas don bhliain | 1,477,743 | - | 1,477,743 |
| **Cúlchistí deiridh** | 12,246,606 | 4,000,000 | 16,246,606 |

De réir straitéis airgeadais na Comhairle, bunaíodh na cúlchistí ainmnithe mar chiste teagmhais chun aon chostas mór a ghlanadh a d'fhéadfadh éirí as agóidí dlíthiúla a bheith tugtha in aghaidh aon chuid den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 agus as aon rialú de chuid na Comhairle. De réir bheartas cuntasaíochta na Comhairle, i gcás nach mbeidh gá a thuilleadh leis na cistí seo cuirfear ar ais sa chúlchiste ginearálta iad.

## 12. Idirbhearta páirtithe gaolmhara

De réir an Achta um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, tá comhaltaí na Comhairle i dteideal aisíocaíocht a fháil i leith na gcostas a thabhaíonn siad de riachtanas agus iad i mbun obair na Comhairle nó i mbun obair Choistí na Comhairle. Ní mór do na comhaltaí, ar múinteoirí iad, a gclárú a athnuachan gach bliain chomh maith. Déantar na hidirbhearta uile ar neamhchomaoin agus tá siad san áireamh sna ráitis airgeadais seo.

## 13. Ollsreafaí airgid thirim

| | 2013 € | 2012 € |
|---|---|---|
| **Torthaí ar infheistíochtaí agus fónamh ar airgeadas** | | |
| Ús faighte | 390,217 | 495,563 |
| Cánachas | | |
| Cáin Ioncaim íoctha | (153,482) | (148,763) |
| Caiteachas caipitiúil agus infheistíocht airgeadais | | |
| Íocaíochtaí chun sócmhainní inláimhsithe a fháil | (134,486) | (187,896) |
| Fáltais ó shócmhainní inláimhsithe a dhíol | - | 550 |
| | (134,486) | (187,346) |

# Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais


don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2013

## 14. Anailís ar athruithe i nglanchistí

| | Iarmhéid tosaigh € | Sreafaí airgid thirim € | Iarmhéid deiridh € |
|---|---|---|---|
| Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh | 14,451,964 | 1,482,962 | 15,934,926 |
| Glanchistí | 14,451,964 | 1,482,962 | 15,934,926 |

## 15. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Chomhairle na ráitis airgeadais an 12 Bealtaine 2014 agus síníodh iad thar a ceann ag:



**Micheál Ó Gríofa**
Cathaoirleach



**Tomás Ó Ruairc**
Stiúrthóir

**12ú Bealtaine 2014**

# Aguisín 2

## Comhaltaí den Chomhairle Mhúinteoireachta amhail an 27 Márta 2014

Tá 37 gcomhalta dheonacha ar an gComhairle Mhúinteoireachta. Is é seo a leanas comhdhéanamh na Comhairle:

- 11 mhúinteoir bunscoile (naonúr atá tofa agus beirt atá ainmnithe ag ceardchumainn na múinteoirí)
- 11 mhúinteoir iar-bhunscoile (seachtar atá tofa agus ceathrar atá ainmnithe ag ceardchumainn na múinteoirí)
- beirt atá ainmnithe ag coláistí oideachais
- beirt atá ainmnithe ag comhlachtaí tríú leibhéal sonraithe
- ceathrar atá ainmnithe ag bainistíocht scoile (beirt ag leibhéal na bunscoile agus beirt ag leibhéal na hiar-bhunscoile)
- beirt atá ainmnithe ag cumainn tuismitheoirí (duine amháin ag leibhéal na bunscoile agus duine amháin ag leibhéal na hiar-bhunscoile) agus
- cúigear atá ainmnithe ag an Aire Oideachais agus Scileanna (lena n-áirítear duine amháin chun ionadaíocht a dhéanamh do IBEC agus duine amháin chun ionadaíocht a dhéanamh do ICTU).

Cuireadh tús le téarma oifige na Comhairle an 27 Márta 2012.

Bhuail an Chomhairle le chéile seacht n-uaire le linn na bliana, agus taispeántar tinreamh gach comhalta sa tábla thíos.

## Comhaltaí den Chomhairle Mhúinteoireachta amhail an 27 Márta 2014

| Ainm | Comhlacht ainmniúcháin/toghlach inar toghadh é nó í | Cruinnithe ar Freastalaíodh Orthu |
|---|---|---|
| Micheál Ó Gríofa | Múinteoir tofa, Baile Átha Cliath, bunleibhéal | 7 |
| Dympna Mulkerrins | Múinteoir tofa, Baile Átha Cliath, bunleibhéal | 6 |
| Eimear Cole | Múinteoir tofa, Baile Átha Cliath, bunleibhéal | 6 |
| Bríd Ní Raghallaigh | Múinteoir tofa, Connacht/Uladh, bunleibhéal | 6 |
| John Conlon | Múinteoir tofa, Connacht/Uladh, bunleibhéal | 6 |
| Kathleen O'Connor | Múinteoir tofa, Laighean, bunleibhéal | 6 |
| Milo Walsh | Múinteoir tofa, Laighean, bunleibhéal | 7 |
| Derbhile De Paor | Múinteoir tofa, an Mhumhain, bunleibhéal | 6 |
| Diarmuid Ó Murchú | Múinteoir tofa, an Mhumhain, bunleibhéal | 6 |
| Kieran Christie | Múinteoir tofa, Éire, iar-bhunleibhéal, scoileanna pobail & cuimsitheacha | 7 |
| Marie Humphries | Múinteoir tofa, Laighean, iar-bhunleibhéal, coiste gairmoideachais | 7 |
| Fergal McCarthy | Múinteoir tofa, Connacht/An Mhumhain/Uladh, iar-bhunleibhéal, coiste gairmoideachais | 6 |
| Bernadine O'Sullivan | Múinteoir tofa, Laighean, iar-bhunleibhéal, scoileanna deonacha | 7 |
| Christopher Maginn | Múinteoir tofa, Laighean, iar-bhunleibhéal, scoileanna deonacha | 6 |
| Lily Cronin | Múinteoir tofa, Connacht/An Mhumhain/Uladh, iar-bhunleibhéal, scoileanna deonacha | 5 |
| Noel Buckley | Múinteoir tofa, Connacht/An Mhumhain/Uladh, iar-bhunleibhéal, scoileanna deonacha | 6 |
| Anne McElduff | INTO | 7 |
| Declan Kelleher | INTO | 7 |
| Michael Barry | ASTI | 7 |
| Elaine Devlin | ASTI | 6 |
| Bernie Ruane | TUI | 5 |
| Don Ryan | TUI (arna cheapadh an 26 Samhain 2013) | 4 |
| Michael Gillespie | TUI (chuaigh ar scor an 14 Deireadh Fómhair 2013) | 3 |
| An tOll. Michael Hayes | Coláistí Oideachais | 6 |
| An tOll. Marie McLoughlin | Coláistí Oideachais | 7 |
| An Dr Andrew McGrady | Ollscoileanna agus coláistí tríú leibhéal ainmnithe | 7 |
| An tOll. Joe O'Hara | Ollscoileanna agus coláistí tríú leibhéal ainmnithe | 6 |
| Eileen Flynn | Bainistíocht scoile - bunleibhéal | 6 |
| An Dr Ken Fennelly | Bainistíocht scoile - bunleibhéal | 6 |
| Joan Russell | Bainistíocht scoile - iar-bhunleibhéal | 6 |
| Patrick McVicar | Bainistíocht scoile - iar-bhunleibhéal | 7 |
| Áine Lynch | Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (bunleibhéal) | 6 |
| Eleanor Petrie | Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (iar-bhunleibhéal) | 5 |
| An Dr Marie Clarke | ICTU | 5 |
| Frank Turpin | IBEC | 7 |
| Mary Kelly | Ceaptha ag an Aire (arna ceapadh an 26 Samhain 2013) | 2 |
| An Dr Seán Rowland | Ceaptha ag an Aire (chuaigh ar scor an 14 Deireadh Fómhair 2013) | 1 |
| Brendan McCabe | Ceaptha ag an Aire | 6 |
| An Dr Deirdre Mathews | Ceaptha ag an Aire | 6 |

# Aguisín 3

## Coistí agus painéil

Bhunaigh an Chomhairle roinnt coistí agus painéal chun cabhrú léi a cuid oibre a dhéanamh.

**An Coiste Feidhmiúcháin**

Déanann an Coiste Feidhmiúcháin feidhmiú éifeachtúil éifeachtach na Comhairle a éascú trí ghnó na Comhairle a stiúradh idir cruinnithe ginearálta.

Bhuail an Coiste le chéile sé huaire le linn na bliana agus is iad seo a leanas 11 chomhalta an choiste amhail an 27 Márta 2014:

| Comhalta | Cruinnithe ar Freastalaíodh Orthu |
|---|---|
| Michael Barry | 5 |
| An tOll. Michael Hayes | 3 |
| An Dr Deirdre Mathews | 6 |
| Brendan McCabe | 6 |
| Fergal McCarthy | 6 |
| Anne McElduff | 6 |
| Micheál Ó Gríofa | 5 |
| Bernadine O'Sullivan | 6 |
| Bernie Ruane | 6 |
| Joan Russell | 5 |
| Milo Walsh | 4 |

**An Coiste Imscrúdúcháin**

Nuair a chuirfear tús le feidhm Chuid 5 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, féadfaidh an Chomhairle nó duine ar bith iarratas a dhéanamh chuig an gCoiste Imscrúdúcháin go ndéanfar feidhmiúlacht chun múineadh múinteora chláraithe a fhiosrú.

Bhuail an Coiste le chéile cúig huaire le linn na bliana agus is iad seo a leanas 11 chomhalta an choiste amhail an 27 Márta 2014:

| Comhalta | Cruinnithe ar Freastalaíodh Orthu |
|---|---|
| Eimear Cole | 4 |
| Elaine Devlin | 5 |
| Brendan McCabe | 4 |
| Fergal McCarthy | 2 |
| Dympna Mulkerrins | 5 |
| Bríd Ní Raghallaigh | 5 |
| Bernadine O'Sullivan | 5 |
| Eleanor Petrie | 4 |
| Bernie Ruane | 4 |
| Joan Russell | 5 |
| An tOll. Marie McLoughlin | 2 |

### An Coiste Araíonachta

Déanfaidh painéal ón gCoiste Araíonachta gearán a dtarchuirfidh an Coiste Imscrúdúcháin chuige a éisteacht.

Bhuail an Coiste le chéile cúig huaire le linn na bliana agus is iad seo a leanas 13 chomhalta an choiste amhail an 27 Márta 2014:

| Comhalta | Cruinnithe ar Freastalaíodh Orthu |
|---|---|
| Lily Cronin | 5 |
| Derbhile De Paor | 5 |
| Eileen Flynn | 4 |
| Michael Gillespie (chuaigh ar scor an 14 Deireadh Fómhair 2013) | 2 |
| Don Ryan arna (cheapadh an 26 Samhain 2013) | 1 |
| Marie Humphries | 4 |
| Declan Kelleher | 4 |
| Áine Lynch | 3 |
| Christy Maginn | 5 |
| Patsy McVicar | 5 |
| Micheál Ó Gríofa | 5 |
| Frank Turpin | 2 |
| Milo Walsh | 5 |
| An Dr Marie Clarke | 2 |

### An Coiste Clárúcháin

Cuireann an Coiste Clárúcháin comhairle ar an gComhairle agus tugann sé moltaí di faoi na cúrsaí uile a bhaineann le múinteoirí a chlárú leis an gComhairle. Is é an comhlacht achomhairc inmheánach é freisin a dhéanann athbhreithniú ar chinntí a dhéanann na Painéil um Iarratais Bhunleibhéil agus Iar-bhunleibhéil agus an Painéal Fianaise ar Charachtar.

Bhuail an Coiste le chéile 10 n-uaire le linn na bliana agus is iad seo a leanas 13 chomhalta an choiste amhail an 27 Márta 2014:

| Comhalta | Cruinnithe ar Freastalaíodh Orthu |
|---|---|
| Michael Barry | 10 |
| Eimear Cole | 8 |
| Lily Cronin | 7 |
| An Dr Ken Fennelly | 7 |
| Marie Humphries | 9 |
| An Dr Mary Kelly (arna ceapadh an 26 Samhain 2013) | 2 |
| An Dr Deirdre Mathews | 8 |
| Fergal McCarthy | 5 |
| An Dr Andrew McGrady | 9 |
| Patsy McVicar | 10 |
| Dympna Mulkerrins | 8 |
| Diarmuid Ó Murchú | 8 |
| An tOll. Joe O'Hara | 8 |
| An Dr Sean Rowland (chuaigh ar scor an 14 Deireadh Fómhair 2013) | 1 |

### An Coiste Airgeadais

Déanann an Coiste Airgeadais maoirseacht ar chúrsaí airgeadais na Comhairle, lena n-áirítear: an buiséad bliantúil a ullmhú; faireachán leanúnach a dhéanamh ar ioncam agus caiteachas; agus socruithe riaracháin ginearálta na Comhairle.

Bhuail an Coiste le chéile seacht n-uaire le linn na bliana agus is iad seo a leanas seachtar comhaltaí an choiste amhail an 27 Márta 2014:

| Comhalta | Cruinnithe ar Freastalaíodh Orthu |
|---|---|
| John Conlon | 6 |
| Michael Gillespie (chuaigh ar scor an 14 Deireadh Fómhair 2013) | 5 |
| Christy Maginn | 6 |
| Joan Russell | 6 |
| Don Ryan (arna cheapadh an 26 Samhain 2013) | 2 |
| Frank Turpin | 6 |
| Milo Walsh | 6 |
| An tOll. Michael Hayes | 3 |

### An Coiste Oideachais

Tá sé de fhreagracht ar an gcoiste seo moltaí a chur faoi bhráid na Comhairle maidir le beartas a bhaineann leis an leanúntas in oideachas múinteoirí.

Bhuail an Coiste le chéile sé huaire le linn na bliana agus is iad seo a leanas 15 chomhalta an choiste amhail an 27 Márta 2014:

| Comhalta | Cruinnithe ar Freastalaíodh Orthu |
|---|---|
| Declan Kelleher | 6 |
| Kathleen O'Connor | 6 |
| Noel Buckley | 5 |
| Kieran Christie | 5 |
| Fergal Mccarthy | 5 |
| An Dr Andrew McGrady | 5 |
| Patsy McVicar | 5 |
| An tOll. Joe O'Hara | 5 |
| Derbhile De Paor | 4 |
| An Dr Marie Clarke | 3 |
| Michael Gillespie (chuaigh ar scor an 14 Deireadh Fómhair 2013) | 3 |
| An tOll. Marie McLoughlin | 2 |
| An Dr Sean Rowland (chuaigh ar scor an 14 Deireadh Fómhair 2013) | 2 |
| An Dr Mary Kelly (arna ceapadh an 26 Samhain 2013) | 1 |
| Don Ryan (arna cheapadh an 26 Samhain 2013) | 1 |

### An Coiste Iniúchóireachta

Déanann an Coiste Iniúchóireachta monatóireacht ar chórais, rialuithe airgeadais agus nósanna imeachta na Comhairle chun a chinntiú go n-oibríonn siad ar bhealach ordúil, éifeachtúil.

Bhuail an Coiste le chéile trí huaire le linn na bliana agus is iad seo a leanas cúigear comhaltaí an choiste amhail an 27 Márta 2014:

| Comhalta | Cruinnithe ar Freastalaíodh Orthu |
|---|---|
| John Conlon | 3 |
| Elaine Devlin | 2 |
| Marie Humphries | 3 |
| An Dr Deirdre Mathews | 2 |
| Joan Russell | 3 |

### An Fochoiste um Nósanna Imeachta

Tugann an Fochoiste um Nósanna Imeachta tuairisc don Choiste Feidhmiúcháin. Is ar bhonn tionscadail a bhíonn sé ag obair chun athbhreithniú a dhéanamh ar nósanna imeachta na Comhairle.

Bhuail an Fochoiste le chéile sé huaire le linn na bliana agus is iad seo a leanas seisear comhaltaí an choiste amhail an 27 Márta 2014:

| Comhalta | Cruinnithe ar Freastalaíodh Orthu |
|---|---|
| Declan Kelleher | 6 |
| Bernie Ruane | 6 |
| Christy Maginn | 5 |
| Eleanor Petrie | 5 |
| Frank Turpin | 5 |
| Micheál Ó Gríofa | 5 |

### An Painéal Fianaise ar Charachtar

Déanann Painéal Fianaise ar Charachtar na Comhairle measúnú ar an bhfianaise ar charachtar a sholáthraíonn iarratasóirí atá ag iarraidh clárú mar mhúinteoirí leis an gComhairle.

Bhuail an Painéal le chéile 10 n-uaire le linn na bliana agus is iad seo a leanas seachtar comhaltaí an choiste amhail an 27 Márta 2014:

| Comhalta | Cruinnithe ar Freastalaíodh Orthu |
|---|---|
| Elaine Devlin | 10 |
| Eileen Flynn | 10 |
| Michael Gillespie (chuaigh ar scor an 14 Deireadh Fómhair 2013) | 4 |
| Dympna Mulkerrins | 10 |
| Kathleen O'Connor | 10 |
| Eleanor Petrie | 10 |
| Joan Russell | 4 |
| Don Ryan (arna cheapadh an 26 Samhain 2013) | 4 |

### An Painéal um Iarratais Bhunleibhéil

Déanann an painéal seo athbhreithniú ar mholtaí ón bhfoireann agus/nó ó mheasúnóirí seachtracha i ndáil le hoiriúnacht, chun críocha clárúcháin, cáilíochtaí iarratasóirí atá ag iarraidh clárú don earnáil bhunoideachais. Tugann sé tuairisc don Choiste Clárúcháin.

Bhuail an Painéal le chéile naoi n-uaire le linn na bliana agus is iad seo a leanas seachtar comhaltaí an choiste amhail an 27 Márta 2014:

| Comhalta | Cruinnithe ar Freastalaíodh Orthu |
|---|---|
| John Conlon | 4 |
| An Dr Ken Fennelly | 6 |
| Christy Maginn | 6 |
| Brendan McCabe | 7 |
| An tOll. Marie McLoughlin | 7 |
| Diarmuid Ó Murchú | 7 |
| Bríd Ní Raghallaigh | 9 |

### An Painéal um Iarratais Iar-Bhunleibhéil

Déanann an painéal seo athbhreithniú ar mholtaí ón bhfoireann agus/nó ó mheasúnóirí seachtracha i ndáil le hoiriúnacht, chun críocha clárúcháin, cáilíochtaí iarratasóirí atá ag iarraidh clárú don earnáil iar-bhunoideachais (lena n-áirítear breisoideachas). Tugann sé tuairisc don Choiste Clárúcháin.

Bhuail an Painéal le chéile 12 uair le linn na bliana agus is iad seo a leanas seisear comhaltaí an choiste amhail an 27 Márta 2014:

| Comhalta | Cruinnithe ar Freastalaíodh Orthu |
|---|---|
| Noel Buckley | 11 |
| Kieran Christie | 12 |
| Declan Kelleher | 9 |
| Patsy McVicar | 9 |
| Bernadine O'Sullivan | 9 |
| Bernie Ruane | 10 |

# Aguisín 4

## Costais chomhaltaí na Comhairle, 2013

Íoctar costais le comhaltaí na Comhairle i leith taisteal ó áit chónaithe nó áit oibre an chomhalta go dtí cruinnithe a bhaineann leis an gComhairle. Ní íoctar táillí ar bith le comhaltaí na Comhairle taobh amuigh de chostais taistil agus cothabhála.

Leagtar amach sa tábla seo mionsonraí na gcostas taistil agus cothabhála a íocadh le comhaltaí na Comhairle le linn bhliain airgeadais 2013. Ní bhaineann líon na gcruinnithe a luaitear sa cholún deiridh ach le cruinnithe Comhairle agus Coiste. D'fhéadfadh gur fhreastail comhaltaí an Choiste ar chruinnithe eile thar ceann na Comhairle le linn na bliana. Mar shampla, ghlac roinnt comhaltaí den Chomhairle páirt i bpainéil athbhreithniúcháin nó rinne siad ionadaíocht don Chomhairle ag cruinnithe agus comhdhálacha seachtracha.

| Comhalta den Chomhairle | Contae cónaithe | € | Líon Iomlán Cruinnithe ar freastalaíodh orthu sa bhliain féilire |
|---|---|---|---|
| Michael Barry | Corcaigh | 6763.99 | 27 |
| Noel Buckley | Tiobraid Árann | 7475.92 | 28 |
| Kieran Christie | Sligeach | 8634.99 | 23 |
| An Dr Marie Clarke | Baile Átha Cliath | 704.11 | 12 |
| Eimear Cole | Baile Átha Cliath | 1089.98 | 21 |
| John Conlon | Liatroim | 3766.14 | 17 |
| Lily Cronin | Ciarraí | 8311.84 | 23 |
| Derbhile De Paor | Luimneach | 3722.97 | 17 |
| Elaine Devlin | Lú | 3867.17 | 23 |
| An Dr Ken Fennelly | Baile Átha Cliath | 0 | 16 |
| Eileen Flynn | Cill Dara | 808.52 | 20 |
| Michael Gillespie (chuaigh ar scor an 14 Deireadh Fómhair 2013) | Uíbh Fhailí | 2185.49 | 24 |
| An tOll. Michael Hayes | Luimneach | 2221.94 | 13 |
| Marie Humphries | Baile Átha Cliath | 1275.61 | 24 |
| Declan Kelleher | An Clár | 6324.72 | 32 |
| An Dr Mary Kelly (arna ceapadh an 26 Samhain 2013) | Baile Átha Cliath | 0 | 2 |
| Áine Lynch | Baile Átha Cliath | 0 | 9 |
| Christopher Maginn | Baile Átha Cliath | 1746.49 | 25 |
| An Dr Deirdre Mathews | Baile Átha Cliath | 63.8 | 33 |
| Brendan McCabe | An Mhí | 1144.77 | 20 |
| Fergal McCarthy | Corcaigh | 8776.85 | 27 |
| Anne McElduff | Baile Átha Cliath | 1038.34 | 16 |

| Comhalta den Chomhairle | Contae cónaithe | € | Líon Iomlán Cruinnithe ar freastalaíodh orthu sa bhliain féilire |
|---|---|---|---|
| An Dr Andrew McGrady | Baile Átha Cliath | 1193.08 | 22 |
| An tOll. Marie McLoughlin | Baile Átha Cliath | 230.37 | 14 |
| Patsy McVicar | Dún na nGall | 13156.83 | 41 |
| Dympna Mulkerrins | Baile Átha Cliath | 1856.87 | 35 |
| Bríd Ní Raghallaigh | Gaillimh | 2095.66 | 15 |
| Kathleen O'Connor | Laois | 2282.01 | 21 |
| Micheál Ó Gríofa | Baile Átha Cliath | 4089.72 | 32 |
| An tOll. Joe O'Hara | Baile Átha Cliath | 909.12 | 20 |
| Diarmuid Ó Murchú | Luimneach | 3607.24 | 21 |
| Bernadine O'Sullivan | Baile Átha Cliath | 3541.56 | 35 |
| Eleanor Petrie | Baile Átha Cliath | 1224.82 | 26 |
| Don Ryan (arna cheapadh an 26 Samhain 2013) | Luimneach | 0 | 4 |
| An Dr Sean Rowland (chuaigh ar scor an 14 Deireadh Fómhair 2013) | Baile Átha Cliath | 0 | 7 |
| Bernie Ruane | An Clár | 7002.47 | 33 |
| Joan Russell | Corcaigh | 5424.42 | 31 |
| Frank Turpin | Baile Átha Cliath | 1252.62 | 20 |
| Milo Walsh | Port Láirge | 6753.66 | 24 |

An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

An Chomhairle Mhúinteoireachta

Bloc A, Campas Gnó Mhaigh Nuad,
Maigh Nuad, Co. Chill Dara, Éire

Guthán: +353 1 651 7900
Rphost: info@teachingcouncil.ie
www.teachingcouncil.ie